




An Ghníomhaireacht Airgeadais Titíochta

Tuarascáil Bhliantúil **2010**





AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITIOCHTA cpt

46 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2.

T +353 1 872 5722
F +353 1 872 5878

E cossec@hfa.ie
W www.hfa.ie

Clár na nÁbhar

	An Bord Stiúrthóirí	2
<i>aon</i>	Tuarascáil an Chathaoirligh.	4
<i>dó</i>	Tuarascáil na Stiúrthóirí.	12
<i>tri</i>	Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	24
<i>ceathair</i>	Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Titiochta cpt	26
<i>ciug</i>	Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta	30
<i>sé</i>	Cuntas ioncaim agus caiteachais	38
<i>seacht</i>	Ráiteas faoi iomlán an ghnóthachain aitheanta agus an chailteanais aitheanta	39
<i>ocht</i>	Clár comhardaithe.	40
<i>naoi</i>	Ráiteas faoi shreabhadh airgid.	41
<i>deich</i>	Réiteach idir an sreabhadh airgid glan agus an ghluaiseacht maidir le fiachas glan	42
<i>aon déag</i>	Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais	43

Aguisíní 1-4

<i>aon</i>	Aguisín a hAon: Iarmhéid atá fós le híoc ag Údaráis Áitiúla agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta	74
<i>dó</i>	Aguisín a Dó: Iasachtaí arna dtabhairt ar airleacan ag Údaráis Áitiúla	77
<i>tri</i>	Aguisín a Trí: Fuilleach le híoc ar leabhar na n-iasachtaí de réir chineál an ráta & téarma na hiasachta	79
<i>ceathair</i>	Aguisín a Ceathair: Struchtúr Foirne na Gníomhaireachta	80

An Bord Stiúrthóirí



John Bolger Cathaoirleach



Ian d'Alton POF



Julia Carmichael



Fr. Patrick Cogan



Patrick Doyle



Michael Hayes



Clodagh Henehan



Jackie Maguire



Philip Nugent



Áine Stapleton



Eddie Wade

Eolas Eile

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Conroy, A.C.M.A.

46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

T +353 1 872 5722

F +353 1 872 5878

E cosec@hfa.ie

W www.hfa.ie

Iniúcháirí

KPMG

Cuntasóirí Cairte
1 Plás Mháistir an Chuain,
IFSC,
Baile Átha Cliath 1.

Aturnaetha


McCann FitzGerald Solicitors

Riverside One
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2.



Caibidil 1

Tuarascáil an Chathaoirligh



Réamhrá

Is í seo an dara tuarascáil de mo chuidse mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht. Bhí fadhbanna fioscach an Stáit agus na hearnála baincéireachta go mór chun tosaigh sa bhliain atá faoi athbhreithniú. Lean na nithe sin ag cur isteach ar an margadh tithíochta. Áirítear 14,600 aonad a críochnaíodh in 2010, síos ó 26,000 in 2009 agus ba líon íseal go maith a bhí ansin ann féin. Lean an meán phraghas ar thithe ag laghdú, cé nár tharla sin chomh tréan agus a tharla le linn 2009, agus chuir buiséad déine teorainn ollmhór ar raon agus ar líon na dtacaíochtaí atá ar fáil don earnáil tithíochta sóisialta. Meastar nach mbeidh ach fás ar éigean ar gheilleagar na hÉireann i mbliana, agus go leanfaidh an eisimirce glan ar aghaidh.


Torthaí

Barrachas €23.7 milliún a rinne an Gníomhaireacht in 2010, agus ag an am céanna cinntíodh rátaí úis an-íseal agus an-iomaíoch dár gcustaiméirí, na húdaráis áitiúla agus na teaghlaigh. Bhí cuma mhaith ó thaobh cúrsaí airgeadais ar 2010 le cúlchistí deiridh de €55.7 milliún. Tá na cúlchistí sin riachtanach chun rioscaí fadtéarmacha agus saolré a thagann chun cinn i gcúrsaí gnó a chlúdach, agus tá an beartas maidir le hiad a choinneáil in áit i bhfeidhm le blianta fada anuas. Déanann an Bord monatóireacht dhlúth ar bhainistiú riosca agus ar thuilleamh na Gníomhaireachta, agus mionathraíonn an Gníomhaireacht a cuid corrlach lena chinntiú gur leor na fáiltais chun na rioscaí a aithnítear a chúiteamh.

Léirítear gníomhaíocht lag sa mhargadh morgáistí agus san earnáil tithíochta sóisialta trí leabhar na Gníomhaireachta a bheith ag laghdú €143 milliún le linn na bliana. B'ionann agus €4.45 billiún leabhar na n-iasachtaí amhail an 31 Nollaig 2010 i gcomparáid le €4.58 billiún ag deireadh 2009. Cé gur ionann sin agus laghdú ar éigin 3% ar iasachtaí na Gníomhaireachta, mar sin féin is ionann sin agus cúlú ar an bhfás ollmhór a facthas le blianta roimhe sin. Meastar go leanfaidh an laghdú sin ar ár ngnó traidisiúnta in 2011.


Barrachas agus Cúlchistí 2006-2010

Airleacain le haghaidh Iasachtaí de réir na nIasachtaí Comhlána/na nGlaniasachtaí Tugadh 2006-2010



Tuarascáil an Chathaoirleach ar lean

Rátaí Euribor ar feadh 1 agus 3 mhí 2010



Iasachtaí le linn 2010


Is é misean na Gníomhaireachta airgeadas a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de chun iasachtaí a fhoinsiú agus a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe san earnáil dheonach. Tugann an Gníomhaireacht iasachtaí do 42 údarás áitiúil faoi láthair faoi scéimeanna agus struchtúir éagsúla. Ba é €396 milliún ollsuiam na n-airleacan iasachtaí in 2010. Ba é €539 milliún suim na n-aisíocaíochtaí agus na fuascailtí. Ó thaobh cúrsaí tithíochta, is do chomhlachtaí tithíochta deonach go príomha a bhí na hairleacain in 2010 faoin scéim um iasachtaí Caipitil agus Fóirdheontais (€92 milliún), tacaíochtaí úinéireachta tithíochta do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam (€24 milliún) agus iasachtaí Ceannach Tithe (€10 milliún). Tugadh €150 milliún d'údaráis áitiúla do chríocha a bhaineann le tithíocht faoi Alt 11 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus cuireadh €18 milliún chun cinn do chúrsaí infrastruchtúir do thionscadail Uisce/Dramhaíola/Comhshaoil.

Rátaí úis


Lean an Gníomhaireacht ag tabhairt sárлуach dár gcustaiméirí. Fuair teaghlaigh sochar ó ráta morgáiste blianachta a ghineann an Gníomhaireacht féin, i leith tithe a cheannach, agus tá an ráta sin thart ar 1% *faoi bhun* na meánrátaí caighdeánacha athraitheacha atá ar fáil sa mhargadh. Chun críocha tithíochta agus críocha gaolmhara eile nach ngabhann morgáiste leo, ar an meán, ráta 1.4% ab ea an ráta úis d'údaráis áitiúla i gcaitheamh 2010. Is é beartas na Gníomhaireachta a rátaí úis a choimeád ag an leibhéal is ísle agus is féidir gan dochar do sholáthairtí le haghaidh rioscaí i bpunann na Gníomhaireachta, agus struchtúir iasachtaí atá éifeachtach ó thaobh costais de a sheachadadh chun teacht le riachtanais ár gcustaiméirí. Ag teacht le hionchais ghinearálta ar an margadh agus costas cistí na Gníomhaireachta, meastar go mbeidh ardú ar rátaí le linn 2011.

Tuarascáil an Chathaoirleach ar lean

Airleacain lasachtaí de réir Chineál na n-lasachtaí in 2010



Leabhar lasachtaí €m 2006 go dtí 2010



Maoiniú

Cinntíodh riachtanas na Gníomhaireachta don ráta athraitheach maoinithe riamh anall trí leas a bhaint as an gclár ECP €6 billiún, faoi rathaíocht an Stáit. Mar thoradh ar na deacrachtaí iasachtaí flaithiúnais, níor cheadaigh coinníollacha an mhargaidh eisiúint faoin gclár sin ón ráithe deiridh in 2010. Mar thoradh air sin, braitheann an Gníomhaireacht ar mhaoiniú ón gclár um Nótaí faoi Ráthaíocht, lena mbaineann cumas de €45 billiún – agus tá sin dóthanach chun ár riachtanais maoinithe athraitheach a chlúdach faoi láthair. Tarraingíodh suim €3.83 billiún faoin gclár GN ag deireadh na bliana. Toisc go mbíonn nótaí arna eisiúint faoin gclár sin gearr go maith ó thaobh tionachta, cheadaigh sin don Gníomhaireacht rátaí

úis an-iomaíoch a sheachadadh do chustaiméirí, agus cinnteacht réasúnach acu de sholáthar leanúnach maoinithe. Ag leanúint ó chlár tacaíochta airgeadais AE/IMF d'Éirinn, tá an Gníomhaireacht ag déanamh rochtana ar ráta comhlúthach maoinithe ón tsaoráid sin, tríd an NTMA agus tríd an gclár GN.

Soláthraíonn an Gníomhaireacht saoráid infheistíochta d'údarais áitiúla freisin don airgead tirim breise a bhíonn acu agus soláthraítear rátaí úis iomaíocha dóibh. Déileáladh in 2010 le 29 údarás áitiúla sa réimse gnó sin. Mar aon le seirbhís atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá solúbtha a sholáthar dár gcustaiméirí, is foinse maoinithe eile don Gníomhaireacht atá ann freisin.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar lean

Gnó nua

I dtreo dheireadh na bliana, cuireadh tús le gnó nua sa Ghníomhaireacht maidir le hiasachtaí díreach chuig Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe sna hearnálacha tithíochta deonacha agus comhoibritheacha. Ní raibh aon iasachtaí tugtha áfach amhail an 31 Nollaig 2010. Le ceann de na samhlacha a bheidh ar fáil faoin tionscnamh cuirfear ar chumas na gcomhlachtaí tithíochta deonacha agus comhoibritheacha aonaid a fháil agus féadfar iad sin a chur ar fáil ansin lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta de chuid an Stáit, trí na húdaráis áitiúla. Meastar go bhfaighidh na comhlachtaí tithíochta maoiniú caipitil de réir a chéile ón earnáil phríobháideach. Idir an dá linn, tá an Ghníomhaireacht (a bhfuil sé de chumhacht aici faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 iasacht a thabhairt go díreach do chomhlachtaí mar sin) ag próiseáil iarratais le haghaidh hiasachtaí, agus meastar go ndéanfar na chéad iasachtaí den sórt sin go luath. Tá Coiste Creidmheasa bunaithe ag an nGníomhaireacht atá comhdhéanta de chomhaltaí boird agus de chomhaltaí ón mbainistíocht shinsearach, agus faightear comhairle ó shainchomhairleoirí lasmuigh chun measúnú agus cinntí a dhéanamh ar iarratais ar mhaoiniú.

Pleanáil agus tuairisciú ó thaobh cúrsaí corparáideach

Faoin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* cuireann an Ghníomhaireacht tuarascálacha leathbhliantúla ar fáil don Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus don Roinn Airgeadais. Rinneadh na tuarascálacha sin in am in 2010 agus leanfar ar aghaidh leis an socrú sin in 2011. Déantar *Plean Corparáideach* cúig bliana rollach na Gníomhaireachta, a fhoilsítear ar ár láithreán gréasáin, a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil, agus tabharfar don Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus don Bhord iad lena gceadú ag cruinniú dá gcuid gach mí Aibreáin.

Bainistiú Riosca

Agus an Bord ag cloí leis an *gCód Cleachtais Athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, comhaontaíodh Beartas Bainistithe Riosca (arna mhaoirsiú ag an gCoiste Iniúchta) in 2009, agus bunaíodh coiste bainistithe riosca foirmiúil, comhdhéanta den bhainistíocht shinsearach. Tá riosca mar mhír sheasta ar gach clár oibre ag na cruinnithe Boird. Rinne an Ghníomhaireacht coimisiúnú ar athbhreithniú seachtarach ar an gCreat Oibre Beartais lena chinntiú go mbeidh gach riosca cuí san áireamh ann.

Bíonn rioscaí roimh an nGníomhaireacht a fhágann gur gá cúlchistí leordhóthanacha a choinneáil ar bun agus sa chás gur cuí, soláthairtí sonracha. Baineann riosca maidir le boillsciú go príomha leis an gcostas a bhíonn i gceist le mímhéaitseáil fadtéarmach idir iasachtaí comhúinéireachta atá níos sine agus iasachtaí innéacsaithe a bhaineann le hioncam agus atá níos sine freisin agus na bannaí leagáide lena maoinítear na hiasachtaí sin. Bhain caillteanas €0.4 milliún leis na hiasachtaí sin in 2010 agus leanfaidh an mímhéaitseáil sin go dtí 2015 (nuair a bheidh na bannaí le haisíoc). Ina theannta sin, d'fhéadfadh gnóthachain nó caillteanais teacht de thoradh difríochtaí sa ráta boillscithe le linn na bliana. Fuarthas gnóthachain €3.2 milliún mar thoradh ar na difríochtaí sin in 2010, toisc gur tháinig boillsciú in áit an díbhóiscithe i rith na bliana. Sa tréimhse mheántéarmach-fhadtéarmach áfach, ba cheart go gcúiteodh gluaiseachtaí sa ráta boillscithe le linn na bliana a chéile.

Tá rioscaí ollmhóra ag an nGníomhaireacht i gcodanna den phunann – go príomha sna leabhair treoirnaisc agus rátaí seasta – mar thoradh ar athruithe struchtúrtha ar an leibhéal rátaí úis ón Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta sa bhliain 1998. Tá ráta úis seasta fadtéarmach agus fiachas treoirnaisc maoinithe ó dhá bhanna ag an nGníomhaireacht a rachaidh in éag in 2015 agus in 2018. Fuarthas an fiachas sin chun scéimeanna tithíochta sonracha a mhaoiniú sna 1980idí. B'ionann sin agus luach den scoth agus ag am agus isteach sna 1990idí luath. Bhrostaigh an titim struchtúrtha ar rátaí úis ó lár na 1990idí áfach ardú mór ar fhuascailt iasachtaí. I gcomhar le ceadú ón rialtas iasachtaí ar rátaí seasta a

Tuarascáil an Chathaoirligh ar lean

aisíoc gan phionóis in 1989 (tar éis na bannaí a bheith eisithe) ba é an toradh a bhí ansin don Ghníomhaireacht go raibh mímhaitseáil ollmhór sna leabhair iasachta.

Leanfaidh an *mhímhaitseáil maidir le hiasachtaí ar ráta seasta* ar aghaidh go dtí 2018 nuair a thiocfaidh tráth aibíochta do bhannaí a eisíodh. Sna blianta 1986-89, thug an Ghníomhaireacht airgead ar airleacan ar ráta seasta d'iasachtaí a bhain le morgáistí agus le heisiúint bannaí i bpunt na hÉireann. Mar gheall ar chomh dolúbtha agus a bhí na coinníollacha eisiúna sa tréimhse roimh an euro i gcomparáid le mar a bhí nithe ina dhiaidh sin, tháinig mímhaitseáil chun cinn ina dhiaidh sin idir suim na n-iasachtaí a bhí amuigh agus na bannaí a eisíodh. Chosain sé sin €4.9 milliún ar an nGníomhaireacht in 2010.

I rith 2010, níor ghá comhsholáthar breise a dhéanamh mar thoradh ar an riosca creidmheasa a bhain le *hiarmhéideanna ar iasachtaí níos sine ná mí na Bealtaine 1986 a bhain le hiasachtaí ioncaim (roimh 1986)*; b'ionann an soláthar iomlán don ghné riosca sin agus €1.04 milliún ó 2009. Cé nár ghá aon leas eile a bhaint as an soláthar sin go dtí seo meastar go mbeidh gá le soláthairtí breise sna blianta atá amach romhainn.

Maoinítear formhór d'iasachtaí na Gníomhaireachta – atá comhdhéanta den chuid is mó de bhlianachtaí 30 bliain – tríd an tsaoráid um Nótaí faoi Ráthaíocht, arna ráthú ag Aire Airgeadais na hÉireann. Tá sealbhaíocht idir 1 lá amháin agus 3 mhí leis na nótaí faoin tsaoráid sin agus baineann formhór na Nótaí leis an aibíocht dheireanach. D'iarr an Roinn Airgeadais ar an NTMA leanúint ar aghaidh ag soláthar maoiniú ar ráta comhlúthach chuig an nGníomhaireacht tríd an gclár GN. Creidtear sa Bhord go bhfuil acmhainní dóthana in áit chun aon bhaol leachtachta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn sna 12 mí atá romhainn a chlúdach. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach ar leathanaigh 50-53 den tuarascáil seo.

Tá áthas orm a rá go bhfuil *ciste pinsin* na Gníomhaireachta maoinithe go hiomlán amhail deireadh na bliana 2010, rud atá ag teacht le Caighdeán Maoiniúcháin an Bhoird Phinsin.

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí tábhachtach don Ghníomhaireacht, agus baintear leas as na critéir a leanas chun sin a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ina leith:

Maidir le hairleacain iasachtaí chuig údaráis áitiúla, a eisíoc go tráthúil, tá sé de sprioc ag an nGníomhaireacht go ndéanfar 95% d'iasachtaí faoi cheann seacht lá ón lá a fhaightear an t-iaratas. Bhain an Ghníomhaireacht an targaid sin amach in 2010.

Is tomhas tábhachtach é *ag déileáil go tráthúil le comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha* ar a fheabhas agus a bhíonn eagraíocht ag freastal ar a cuid custaiméirí. Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh lena sprioc a chomhlíonadh agus gach comhfhreagras dá bhfaightear a fhoinsí seachtracha a fhreagairt laistigh d'aon seachtain oibre amháin.

Tá *oiliúint agus forbairt na foirne* tábhachtach go mbeidh an Ghníomhaireacht éifeachtúil ar bhonn leanúnach. Níor baineadh amach ár sprioc maidir le suim is ionann le 4% de chostais phárolla a chaitheamh ar an oiliúint mar gheall ar laghdúithe riachtanacha ar chaiteachas riaracháin agus ba é 2.6% ár dtoradh ina leith sin don bhliain 2010 (2009: 3.2%).

Lenár *Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta* tomhaistear an méid a chloítear leis an rialachas corparáideach struchtúrtha cuí. Déantar tuairisciú ar chomhlíonadh faoi dhó sa bhliain agus athbhreithníonn an Coiste Iniúchta sin. Ba í ár sprioc sa réimse sin teorainn a chur ar shárú ar bheartas agus ar nósanna imeachta (seachas cásanna a bhí mar thoradh ar an fhoireann a bheith as láthair) go dtí níos lú ná 10. Tá áthas orm a thuairisciú gur éirigh linn an sprioc sin a bhaint amach, gan tuairisc ar bith dá leithéid faoi eisceachtaí in 2010.

Coinnímid dlúthchaidreamh lenár gcustaiméirí trí chomhráite le cumainn ionadaithe na n-oifigeach údaráis áitiúil (bainisteoirí contae agus cathrach, ceannasaithe sa rannóg airgeadais, cléirigh baile); cruinnithe duine ar dhuine le foireann ón údarás áitiúil; agus trí a bheith rannpháirteach i gcoiste

Tuarascáil an Chathaoirligh ar lean

idirchaidrimh na Gníomhaireachta/na n-údarás áitiúil atá comhdhéanta de stiúrthóirí na Gníomhaireachta agus de bhainisteoirí contae agus cathrach.

Rialachas Corparáideach

Féachann an Ghníomhaireacht leis na caighdeáin rialacháin chorporáidigh is airde a bhaint amach. Cloíonn an Ghníomhaireacht leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Leagtar amach creat oibre sa Chód a bheidh le glacadh ag comhlachtaí Stáit i dtreo is go mbainfear amach sárchleachtas ó thaobh rialachas corparáideach i gcomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála araon. Léirítear athruithe éagsúla sa chód bhunaidh (arna ghlacadh agus arna leanúint ag an nGníomhaireacht) ó foilsíodh sin i mí Dheireadh Fómhair 2001, ó thaobh treoirilínte reachtúla agus riaracháin araon lena mbaineann impleachtaí ó thaobh do chreat rialachais chomhlachtaí Stáit.

Tá áthas orm a thuairisciú gur áiríodh an Ghníomhaireacht, arís, mar iomaitheoir ar an ngearrliosta deiridh do Ghradaim 2010 na gCuntasóirí Cairte do Chuntais Fhoilsithe.

Saoráil Faisnéise

Tá an Ghníomhaireacht faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 2002. Tá mionsonraí faoin rochtain ar thaifid na Gníomhaireachta agus ar fhaisnéis ar an nGníomhaireacht le fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta, www.hfa.ie. Is é an tUasal Barry O'Leary an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus is é an Dr Ian d'Alton an t-athbhreithnitheoir inmheánach. Ní bhfuarthas aon iarratas ar fhaisnéis in 2010.

Caomhnú Fuinnimh

De réir an bheartais reatha phoiblí maidir le fuinneamh a chaomhnú, ghlac an Ghníomhaireacht bearta caomhantais chuí. Tuairiscím mar seo a leanas:

- bhog an Ghníomhaireacht chuig oifigí nua in 2010 le rátáil BER de B1, rátáil D2 a bhí san áitreabh roimhe sin;
- athchúrsálann an Ghníomhaireacht páipéar & cairtchlár, trealamh leictreonach agus fóin póca;
- ceannaíonn agus feidhmítear freastalaithe agus ríomhairí pearsanta agus printéirí atá rátáilte ó thaobh fuinnimh;
- baineann 64% den fhoireann úsáid as scéim an Phas Taistil; agus
- bíonn 18% den fhoireann ag rothaíocht chuig an obair agus abhaile arís.

Tá sé beartaithe cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo agus bearta coigiltis fuinnimh eile a thabhairt isteach le linn 2011.

Cúrsaí Riaracháin agus na Foirne

Íocann an Ghníomhaireacht aisti féin trí chorrach beag a bhaint as an airgead a thugtar ar iasacht. Cé gur comhlacht féinmhaoinitheach í an Ghníomhaireacht mar a aithníodh sa *Report of the Special Group on Public Service Numbers and Expenditure Programmes (Tuarascáil McCarthy)* – agus nach leithdháileann an Státchiste buiséad air, tá sé i gceist ag an mBord dá ainneoin sin na costais riaracháin a choinneáil faoi smacht cúramach. Sa chás a mbíonn an rogha ag an nGníomhaireacht ó thaobh caiteachais, coimeádtar costais oibriúcháin chomh íseal agus is féidir, agus ag an am céanna déantar iarracht an leibhéal seirbhíse a bhíonn de dhíth a sheachadadh. Mar chéatadán den leabhar iasachtaí ag deireadh na bliana, tá costas riaracháin na Gníomhaireachta tite ó 0.06% go dtí 0.03% sa tréimhse idir 2002 agus 2010, agus cinntíodh coigilt 4.4% ar chostas riaracháin in 2010 thar an aschur iarbhir in 2009. Ní íocann an Ghníomhaireacht bónais, ragobair ná pá ardráta.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar lean

Ghlac an Gníomhaireacht le téarmaí Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh in 2010 agus déanfar tuilleadh feabhsúcháin agus éifeachtúlachtaí ó thaobh cleachtais oibre le linn 2011.

Is ionann líon foirne na Gníomhaireachta agus aon duine dhéag oibrí lánaimsire. Tá an Gníomhaireacht buíoch do thréithe na solúbthachta agus an tiomantas a léiríonn ár bhfoireann, go háirithe agus cúrsaí deacair go maith faoi láthair, agus bímid i mbun ár ndíchlill le struchtúir a fheidhmiú lena mbeifear tuisceanach do chúrsaí teaghlaigh agus don chothromaíocht atá le baint amach idir saol na hoibre agus an saol pearsanta.

Buíochas

Cuirtear fáilte roimh Natalie Doyle Uasal agus roimh Mariette Reid Uasal chuig an nGníomhaireacht. I bhfianaise an líon beag de líon foirne lárnacha atá ag an nGníomhaireacht, ní fhéadfar feidhmiú go héifeachtúil gan chúnamh agus chomhoibriú a geallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear an NTMA, an Banc Ceannais, na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, ár n-iniúcháirí, aturnaetha, conraitheoirí IT agus na baincérí agus gach a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha don Gníomhaireacht.

Glacaimid buíochas leis na hAirí Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Airgeadais go háirithe dá dtacaíocht agus don fhoireann go léir sna ranna sin. Is ar riachtanais ár gcustaiméirí a bhíonn sinn dírithe, agus bímis buíoch dá gcúirtéis agus dá n-éifeachtúlacht agus iad ag déileáil leis an nGníomhaireacht.

Reáchtáil an Bord seacht gcruinniú i rith na bliana, agus gabhaim buíochas le comhaltaí an Bhoird as an méid atá déanta acu ina gcuid oibre go héifeachtúil agus go héifeachtach.





John Bolger
Cathaoirleach

28 Aibreán 2011



Caibidil 2
Tuarascáil na
Stiúrthóirí



Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 i láthair anseo.

1. Cúlra

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í An Gníomhaireacht Airgeadais Titiochta cpt arna chur chun cinn ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithíocht, 1981 agus corpraíodh í an 8 Feabhra 1982. Seo a leanas príomhchuspóirí na cuideachta:

- (a) cistí a thabhairt ar airleacan d'údaráis áitiúla agus don earnáil tithíochta deonach lena n-úsáid chun cuspóir ar bith arna údarú ag Achtanna na dTithe; agus
- (b) cistí a fháil ar iasacht nó a chruinniú chun na gcríoch sin.

Is é an tAire Airgeadais úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe uile na Gníomhaireachta. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na stiúrthóirí le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Torthaí agus díbhinn

	2010 €'000	2009 €'000
Barrachas aitheanta don bhliain	23,737	10,657
Cistí na scairshealbhóirí ag tús na bliain	31,930	21,273
Cistí na scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	55,667	31,930

Tá na torthaí sásúil agus léirítear leo brabúis a gineadh de bharr beartais a cheadaigh na Stiúrthóirí i leith na gcorrlach, rud a rinneadh lena chinntiú go mbeidh dóthain cúlchistí ag an nGníomhaireacht chun na costais a sheasamh a mheastar a thiocfaidh de bharr mímhéitseálacha idir maoiniúcháin treoirnasctha agus maoiniúchán ar ráta seasta agus rioscaí eile.

Ní mholann na Stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn (2009: nil).

Leagtar athbhreithniú amach ar na rioscaí suntasacha don Gníomhaireacht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus ar na bealaí suntasacha atá sí nochtaithe do rioscaí, i leith a sócmhainní, a dliteanais agus a ionstraimí airgeadais, i gcomhar leis na cuspóirí agus na beartais maidir le bainistiú rioscaí, i nóta 15 a bhaineann leis na ráitis airgeadais. Tugtar mionchuntas ar aon ionstraimí airgeadais a úsáideadh chun na rioscaí sin a mhaolú i nóta 15 agus 16 a ghabhann leis na cuntais seo. Tugtar aghaidh i dTuarascáil an Chathaoirligh ar na rioscaí suntasacha ó thaobh cúrsaí gnó a bhfuil an Gníomhaireacht nochtaithe dóibh.

3. Athbhreithniú ar fhorbairt an ghnó

(a) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a ceadaíodh roimh 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh an Gníomhaireacht chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla go dtabharfaidís airgead ar iasacht ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán tugadh €403 milliún ar airleacan d'údaráis áitiúla faoin scéim seo agus úsáideadh é chun 15,571 morgáiste a mhaoiniú. Amhail an 31 Nollaig 2010 b'ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €20.8 milliún a bhí gan íoc. Dlitear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as na morgáistí sin ar an nGníomhaireacht.

(b) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a ceadaíodh tar éis an 27 Bealtaine 1986)

Bhí an Gníomhaireacht ag eisiúint iasachtaí le héifeacht ó mhí na Bealtaine 1986 d'údaráis áitiúla d'fhonn deontais fheabhsúcháin agus iasachtaí in-chomhshóite agus blianachta a mhaoiniú. Faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992 cuireadh le cumhachtaí na Gníomhaireachta údaráis áitiúla a mhaoiniú le haghaidh aon cheann dá bhfeidhmeanna faoi Achtanna na dTithe agus mar thoradh air sin tá iasachtaí eisithe ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla chun na scéimeanna tithíochta comhúinéireachta agus deonacha a mhaoiniú.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Coinníonn an t-údarás áitiúil cuid shuntasach de na cistí chun críocha éagsúla mar thalamh a cheannach. Tugann na húdaráis áitiúla an fuílleach ar iasacht do lucht iasachta aonair agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Bíonn na húdaráis áitiúla freagrach as aon chailteanas a d'fhéadfadh tarlú dá bharr. Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do na húdaráis áitiúla. I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus achtanna eile, agus (b) gur ionann a n-ioncam nó a gcistí agus cinnteacht ó thaobh íocaíocht dlite don Ghníomhaireacht cibé cén méid a bhíonn i gceist ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht), agus (c) gurbh é an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a cheadaigh gach iasacht dar tugadh ar airleacan tar éis 27 Bealtaine 1986, is é tuairim Bhord na Gníomhaireachta nach dtagann riosca ó thaobh creidmheasa chun cinn.

Amhail an 31 Nollaig 2010 b'ionann iasachtaí den sórt sin agus fuílleach €4.43 milliún a bhí gan íoc. (2009: €4.56 billiún).

An bhliain roimhe sin, rinneadh ath-idirbheartaíocht maidir le suim €263.84 milliún maidir le hairleacain a bhí le teacht in aibíocht in 2010 agus 2011 faoi seach, ach ní dhearnadh aon ath-idirbheartaíocht breise sa bhliain reatha, cé go dtugtar ar aird gur aisíocadh suim €78.14 milliún d'iasachtaí a rinneadh ath-idirbheartaíocht orthu roimhe sin go hiomlán i rith na bliana. B'ionann na hiasachtaí a rinneadh ath-idirbheartaíocht orthu agus a bhí fós gan íoc amhail an 31 Nollaig 2010 agus €185.63 milliún (2009: €263.84 milliún).

4. Rialachas Corparáideach

Tá na Stiúrthóirí tiomanta na caighdeáin is airde a choinneáil maidir le rialachas corparáideach agus tacaíonn siad leis na Prionsabail Dea-Rialachais agus leis an gCód Sárchleachtais ("Comhchód 2008") a dhíorthaigh an Coiste ar Rialachas Corparáideach ó Thuarascáil Deiridh an Choiste agus ó Thuarascáil Turnbull. Eisíodh *Cód Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit* arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais i mí an Mheithimh 2009 agus cloíonn an Ghníomhaireacht leis an gcód sin.

Tugann na Stiúrthóirí ar aird go ndearna an FRC athbhreithniú ar an gCód sa bhliain 2009 agus as sin foilsíodh Cód athbhreithnithe dar teideal UK Corporate Governance Code ("the UK Code") i mí an Mheithimh 2010. Fáiltíonn an Bord roimh na forálacha breise sna cóid nua a mbeidh éifeacht leo ó thaobh tréimhse chuntasaíochta na Cuideachta dar críoch an 31 Nollaig 2011.

Prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh

Tá na Stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóir na Gníomhaireachta as an dea-rialachas corparáideach agus cuirtear síos sa ráiteas seo a leanas mar a chuirtear i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Prionsabail an Dea-Rialachais faoi mar atá siad leagtha amach sa Chomhchód 2003 agus sa *Chód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit*.

Tuascáil na Stiúrthóirí ar lean

An Bord Stiúrthóirí

Cruinnithe Boird a bhí socraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

Comhaltaí	Ceird	Cruinnithe a Reáchtáladh	Cruinnithe a Freastalaíodh orthu
John Bolger	Cathaoirleach	7	7
Ian d'Alton	Príomhfheidhmeannach	7	7
Julia Carmichael	Comhairleoir	7	4
Fr. Patrick Cogan	CEO ar Respond!	7	6
Patrick Doyle	Sainchomhairleoir	7	6
Michael Hayes	Innealtóir Sibhialta	7	6
Clodagh Henahan	Oifigeach Údaráis Áitiúil	7	7
Jackie Maguire	Oifigeach Údaráis Áitiúil	7	5
Philip Nugent	Státseirbhíseach	7	6
Áine Stapleton	Státseirbhíseach	7	6
Eddie Wade	Comhairleoir	7	6

Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire le linn 2010 agus táthar freagrach as bainistiú cuí na Gníomhaireachta.

Tá ról ar leithligh ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhfheidhmeannach. Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí an Bord Stiúrthóirí comhdhéanta de dheichniúir Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus aon Stiúrthóirí feidhmiúcháin amháin. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana. Tá na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an mbainistíocht.

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha agus coinnítear an rialú lánéifeachtach ach ag an am céanna tugtar dóthain solúbthachta don bhainistíocht fheidhmiúcháin an gnó a rith go héifeachtúil agus go héifeachtach laistigh de chreat oibre tuairiscithe lárnaithe. Tá sceideal ábhair a bhaineann leis an nGníomhaireacht agus a treo sa todhchaí coinnithe chuige féin, lena n-áirítear gnóthachtálacha agus diúscairtí ollmhóra, comhaltas an bhoird, ceapachán agus deireadh a chur le Rúnaí na Cuideachta, buiséid caiteachais agus beartais bhainistiú riosca. Tugann gach Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis/léi i leith na ngnóthaí a

ndéileáiltear leo ag an mBord lena n-áirítear iad sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeán iompair.

Bíonn teacht ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloítear le rialacha agus rialacháin infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla na Gníomhaireachta ar fáil do na Stiúrthóirí chun dul i gcomhairle leo sa chás go mbeidh gá. Féadfaidh na Stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Dhearbhaigh na hiniúcháirí a neamhspleáchas leanúnach mar iniúcháirí don Gníomhaireacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010. Tá próiseas i bhfeidhm trína ndéanann an Bord athbhreithniú, laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe, ar aon seirbhísí nach seirbhísí iniúcháireachta iad a dtugann na hiniúcháirí fúthu, agus ar na táillí a bhaineann leo. Cinntítear go gcosnaítear oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na n-iniúcháirí ar an tslí sin.

Tá struchtúr coistí éifeachtach ag an mBord a chuidíonn leo a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, lena n-áirítear:

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

An Coiste Iniúchta

Cruinnithe an Choiste Iniúchta a bhí socraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh	Cruinnithe a Freastalaíodh orthu
Julia Carmichael	4	2
An tAthair Patrick Cogan	4	4
Patrick Doyle	4	3
Michael Hayes	4	3
Jackie Maguire	4	3
Eddie Wade	4	3

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre uaire i mbliana agus feidhmítear faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Faoi *gCód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit* féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le gnóthaí airgeadais na Gníomhaireachta. Soláthraíonn an Coiste Iniúchta nasc idir an bord agus na hiniúcháirí seachtracha agus táthar neamhspleách ar bhainistíocht na Gníomhaireachta. Athbhreithnítear na ráitis airgeadais bliantúla, na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh, cinntítear go gcomhlíontar na caighdeáin chuntasaíochta agus táthar freagrach as moltaí a dhéanamh i ndáil le ceapachán agus táillí na n-iniúcháirí seachtracha, rátaí athbhreithnithe, ceadú an phlean iniúchta inmheánaigh, faoina dtomhaistear feidhmíocht an phlean agus déantar maoirsiú ar Chreat Oibre Bhainistiú Riosca na Gníomhaireachta agus tuairiscítear chuig an mBord ina leith. Tagann na hiniúcháirí seachtracha le chéile leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bliantúil ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta. *Bíonn ról Chathaoirleach an Choiste Iniúchta ar bhonn róta idir comhaltaí an Choiste Iniúchta.*

An Coiste Airgeadais

Cruinnithe an Choiste Airgeadais a bhí socraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh	Cruinnithe a Freastalaíodh orthu
John Bolger (Cathaoirleach)	1	-
Ian d'Alton (CEO)	1	1
Julia Carmichael	1	-
Clodagh Henehan	1	1
Philip Nugent	1	1
Áine Stapleton	1	1

Tháinig an Coiste le chéile uair amháin i rith na bliana agus táthar freagrach thar ceann na Gníomhaireachta airgead a fháil ar iasacht agus a bhailiú chun aon saoráidí ceadaithe a fheidhmiú, a úsáid agus a oibriú. Oibríonn an Coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla arna gceadú ag na Stiúrthóirí.

An Coiste um Luach Saothair

Níor tháinig an Coiste le chéile i rith na bliana.

Comhaltaí

John Bolger (Cathaoirleach)

An tAthair Patrick Cogan

Philip Nugent

Le téarmaí tagartha an Choiste um Luach Saothair táthar i dteideal moltaí a dhéanamh i ndáil le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh lena bhreithniú ag an mBord, faoi réir ceadú a fháil ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Leagtar amach táillí Stiúrthóirí agus díolaíochtaí i nóta 6 de na ráitis airgeadais de réir riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009.

Tuascáil na Stiúrthóirí ar lean

Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird

Cruinnithe an Choiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird a bhí socraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh	Cruinnithe a Freastalaíodh orthu
An tAthair Patrick Cogan	1	1
Michael Hayes	1	1
Clodagh Henehan	1	-
Áine Stapleton	1	1

Tháinig an Coiste le chéile uair amháin i rith na bliana agus táthar freagrach thar ceann na Gníomhaireachta airgead a fháil ar iasacht agus a bhailiú chun aon saoráidí ceadaithe a fheidhmiú, a úsáid agus a oibriú. Oibríonn an Coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla arna gceadú ag na Stiúrthóirí.

An Coiste Creidmheasa

Cruinnithe an Choiste Creidmheasa a bhí socraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh	Cruinnithe a Freastalaíodh orthu
John Bolger (Cathaoirleach)	1	1
Ian d'Alton (CEO)	1	1
Julia Carmichael	1	-
Clodagh Henehan	1	1
Jackie Maguire	1	-

Tháinig an Coiste Creidmheasa le chéile uair amháin le linn na bliana. Bunaíodh an Coiste sa bhliain 2009 chun riosca creidmheasa a choimeád laistigh de theorainneacha an Bhoird agus chun tuairisciú maidir le hacmhainneacht creidmheasa Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) ar mhian leo iarratas a dhéanamh ar cheadú iasachta. Ina theannta sin, cinníonn an Coiste go mbíonn gach iasacht a

cheadaítear laistigh de bheartas Creidmheasa ceadaithe na Gníomhaireachta agus go mbíonn an cháipéisíocht iomchuí go léir in ord sula dtéitear ar aghaidh agus airgead a thabhairt do na AHBanna. Oibríonn an Coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla arna gceadú ag an mBord Stiúrthóirí.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Is é/í an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a chinneann leibhéal luach saothair an Bhoird Stiúrthóirí. Ní bhíonn luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha lena bhfeidhmiúchán. Soláthraítear mionsonraí sa tábla thíos ar na táillí go léir a íocadh leis na Stiúrthóirí i rith na bliana.

Comhaltaí	Táillí 2010	Táillí 2009
John Bolger*	10,199	-
Julia Carmichael	7,695	8,400
Edward Coffey (ar shlí na fírinne)	-	3,500
An tAthair Patrick Cogan	7,695	8,400
Ian d'Alton	-	-
Patrick Doyle	7,695	8,400
Michael Hayes	7,695	8,400
Clodagh Henehan	-	-
Jackie Maguire	-	-
Philip Nugent	-	-
Áine Stapleton	-	-
Anthony Vesey†	-	7,321
Eddie Wade	7,695	8,400
Iomlán	48,674	52,821

* Ceapadh an tUasal Bolger chuig an mBord an 24 Feabhra 2010.

† Scor an tUasal Vesey de bheith ina chomhalta den Bhord an 13 Nollaig 2009.

Tá mionsonraí maidir le luach saothair an Stiúrthóra feidhmiúcháin/an Phríomhfheidhmeannaigh i nóta 6 sna ráitis airgeadais.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Caidreamh le scairshealbhóirí

Bíonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht i mbun idirchaidrimh go leanúnach le scairshealbhóirí na Gníomhaireachta maidir le saincheisteanna straitéiseacha. Éilíonn ábhair shonracha ar leith ceadú ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus/nó ón Aire Airgeadais, agus bítear i dteagmháil go leanúnach leis na hAirí, trína gcuid ranna, maidir leis na nithe sin.

Rialú Inmheánach

Bítear ag glacadh le agus ag bainistiú raon rioscaí mar chuid de ghnó na Gníomhaireachta agus ciallaíonn a mbíonn i gceist leis na rioscaí sin go bhféadfadh rudai tarlú a d'fhágfadh go dtiocfadh caillteanais gan choinne. Ag teacht le hAlt 8 den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, cheadaigh Bord na Gníomhaireachta, ag cruinniú dá gcuid an 4 Nollaig 2009, go nglacfaí le Creat Oibre Bainistiú Riosca agus go gceapfaí coiste ar a mbeadh an Príomhfheidhmeannach, Ceannasaí an Chisteáin agus Rúnaí na Cuideachta mar an comhlacht arna ainmniú chun riosca laistigh den Ghníomhaireacht a bhainistiú agus chun a bheith freagrach as na rioscaí sin. Déanann Coiste Iniúchta an Bhoird maoirsiú ar riosca agus is mír sheasmhach é ag gach cruinniú Boid.

De réir Chomhchód 2008, deimhníonn an Bord go mbíonn próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha a bhíonn roimh an Ghníomhaireacht a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Bhí an próiseas sin i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus chomh fada leis an dáta a dhéantar an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais a fhaomhadh agus déanann an Bord an próiseas a athbhreithniú go rialta agus tagann sé leis an treoir.

D'athbhreithnigh an Bord éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh; go háirithe, athbhreithníodh agus tugadh cothrom le dáta an próiseas chun na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó a aithint agus a mheas, mar aon leis na beartais agus na nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí sin a bhainistiú. Neartaíodh é sin trí ghlacadh le Cód Eitice, arna cheadú ag an mBord, agus soláthraítear leis treoir phraiticiúil don fhoireann go léir. Tá beartais tacaíochta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht freisin

agus tá nósanna imeachta ann do na fostaithe chun gníomhaíochtaí a mbeifí in amhras fúthu gur gníomhaíochtaí calaoiseacha iad a thuairisciú agus a réiteach.

Is gnóthas airgeadais í an Ghníomhaireacht agus mar sin, baineann bunrioscaí an ghnó le cúrsaí airgeadais (i.e. rioscaí ó thaobh creidmheasa, leachtachta agus an mhargaidh) agus le cúrsaí cistíochta. Tugtar níos mó mionsonraí ar na rioscaí sin i nóta 15. Tá próiseas bainistithe riosca forbartha ag an nGníomhaireacht agus áirítear leis athbhreithnithe ráithiúla ar a punann iasachtaí agus airleacan chomh maith le hathbhreithniú bliantúil ar rioscaí a bhaineann le cúrsaí cistíochta, rud a fhagann go mbítear ábalta na rioscaí sin a bhainistiú. Dearadh an próiseas seo chun a chinntiú go mbeadh sócmhainní agus dlíteanais na Gníomhaireachta ag teacht a oiread agus is féidir ó thaobh maoiniúcháin de le cineál agus fad na n-iasachtaí.

Baineann riosca iarmharach go príomha le hiasachtaí ar rátaí seasta agus treoirnasctha agus le gluaiseachtaí sa ráta boilscithe. Déileáiltear leis sin trí bheartais um chúlchistí agus corrlaigh. Déanann an Ghníomhaireacht athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar rioscaí, agus a ndéanann an Bord a fhaomhadh, agus bítear mar chuid dhílis de bheartas na Gníomhaireachta um rátaí úis agus chúlchistí maidir le blianta ina dhiaidh sin. Cuirtear an Bord ar an eolas ar bhonn ráithiúil maidir le forbairtí nua agus déantar gníomhaíochtaí ceartaitheacha más gá sin a dhéanamh.

Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do na húdaráis áitiúla. Meastar nach fiú le háireamh é riosca na haisíocaíochta os rud é gur le húdaráis áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an riosca ar athruithe ar phraghsanna tithe ná ar athruithe eacnamaíocha eile. I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus achtanna eile, agus (b) gur ionann a n-ioncam nó a gcistí agus cinnteacht ó thaobh íocaíocht dlite don Ghníomhaireacht cibé cén méid a bhíonn i gceist ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht), agus (c) gurbh é an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

cheadaigh gach iasacht dar tugadh ar airleacan tar éis 27 Bealtaine 1986, is é tuairim Bhord na Gníomhaireachta nach dtagann riosca ó thaobh creidmheasa chun cinn. Dlitear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as morgáistí a tugadh roimh an 27 Bealtaine 1986 a chur ar an nGníomhaireacht má urraíodh iad leis an mbunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste. Cé gur frithpháirtithe leis na hiasachtaí seo na húdaráis áitiúla, bíonn an Gníomhaireacht nochtaithe don bhunriosca do na hiasachtaí aonair. Coinníonn an t-údarás áitiúil comhthaobhacht i gcoinne iasachtaí a tugadh ar airleacan roimh an 27 Bealtaine 1986 i bhfoirm leasanna morgáistí ar mhaoín agus ní bhíonn an Gníomhaireacht faoi dhliteanas ach amháin sa chás nach leor an chomhthaobhacht sin leis an bhfiachas a scaoileadh.

Bíonn tionchar ag a rátáil chreidmheasa, i measc nithe eile, ar an teacht a bhíonn ag an nGníomhaireacht ar iasachtaí airgid agus ar chostas na n-iasachtaí sin. Is é an toradh a bhíonn ar íosghradú ar rátáil go gcruthaítear riosca go bhféadfadh infheisteoirí seachtracha iarracht a dhéanamh an nochtheadh creidmheasa a laghdú chuig an aonán ráthaíochta fiachais – Éire – agus dá réir sin chuig an nGníomhaireacht. Tharla íosghradú rátálacha in Éirinn, agus dá réir ar an nGníomhaireacht, le linn 2010 agus chuir sin teorainn ar rochtain na Gníomhaireachta ar mhargáí caipitil ó thaobh candam agus tréimhse an mhaoinithe ECP araon. Úsáideadh socruithe maoinithe eile ón NTMA faoin gclár um Nótaí faoi Ráthaíocht agus d'ardaigh teorainn an Chláir go cuí.

Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairiscí don Bhord freisin thar cheann lucht na Bainistíochta maidir le hathruithe suntasacha i gcúrsaí gnó agus sa timpeallacht taobh amuigh a théann i bhfeidhm ar chúrsaí baoil. Cuirtear eolas ar fáil don Bhord uair sa ráithe. Sa chás go sonraítear réimsí áirithe den chóras a bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí ina leith, tugann an Bord na moltaí a chuireann lucht na Bainistíochta agus an Coiste Iniúcháireachta chun cinn.

Leagtar de fhreagracht ar na Stiúrthóirí córas don rialú inmheánach a choinneáil ar bun lena dtugtar deimhniú réasúnta maidir le héifeachtacht agus críochnúlacht na gcóras oibre, maidir le rialú

inmheánach ar chúrsaí airgeadais, agus maidir le déanamh de réir an dlí agus na rialachán. Sa chomhthéacs seo, bíonn aird ag na Stiúrthóirí ar na nithe sin a bhaineann, dar leo, le gnó na Gníomhaireachta, le hábharthacht an bhaoil ó thaobh ghnóthaí airgeadais agus oibriúcháin de ar de dhlúth agus d'inneach an ghnó é, agus leis an gcostas a bhainfeadh le bearta rialúcháin faoi leith a chur i bhfeidhm i gcomórtas leis an sochar a bheadh as.

Tá córas rialúcháin inmheánach na Gníomhaireachta leagtha amach sa chaoi is gur féidir deimhniú réasúnta, cé nach deimhniú sáriomlán é, a thabhairt in aghaidh bhaoil i ndáil le hearráidí ábhartha, calaois nó caillteanas tarlú. D'fhéadfadh go mbeadh duine in ann teacht timpeall ar na bearta rialúcháin inmheánacha nó iad a shárú. Anuas air sin, mar gheall go mbíonn cúinsí faoi athrú, tharlódh nach mar a chéile ó thaobh éifeachtúlachta córas rialúcháin inmheánach le himeacht aimsire agus féachann lucht bainistíochta na Gníomhaireachta leis na córais rialúcháin inmheánacha a leasú in am tráth de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí an ghnó lena mbaineann.

I rith na bliana 2010, chuir an Gníomhaireacht le luach an chláir Nótaí faoi Ráthaíocht go raibh ar luach €4,500 milliún (i gcomparáid le €3,750 milliún) sa chaoi is go mb'acmhainn don Gníomhaireacht maoiniú a dhéanamh i ndáil le nótaí páipéir eurothrachtála (ECP) ar a theacht chun aibíochta sa chás nach é an fonn céanna atá ar lucht an mhargadh ECP agus a bhíodh roimhe seo. Ardaíodh teorainn iasachtaíochta na Gníomhaireachta faoin reachtaíocht freisin, ó €6 billiún go dtí €10 billiún, i rith na bliana 2010. Ba cheart go mba leor, a bheag nó a mhór, an t-ardú sin i ndáil leis an mbeartaíocht a mheastar a bheidh ar bun san am atá ag teacht.

Tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag na Stiúrthóirí lena mbaineann freagracht shainluaite maidir leis an rialúcháin inmheánach i ndáil le gach gné faoi leith de ghnó na Gníomhaireachta agus déanann an Príomhfheidhmeannach sin, agus an fhreagracht eile a ghabhann leis sin maidir le hathbheithniú a dhéanamh go tráthrialta ar éifeachtúlacht bhearta rialúcháin inmheánacha den sórt sin, a admháil go foirmiúil uair amháin in aghaidh na bliana.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Seo mar a leanas na gnéithe buntábhachta atá ag baint leis an gcóras rialúcháin inmheánach:

- (a) struchtúr eagrúcháin sainiúil soiléir lena ndéantar idirdhealú mar is cuí idir na réimsí éagsúla dualgais agus údaráis;
- (b) córas rialúcháin airgeadais inmheánach a dtugtar cuntas air i Lámhleabhar Beartas agus Nósanna Imeachta atá aontaithe ag an mBord;
- (c) teorainneacha agus nósanna imeachta arna leagan síos go sonrach soiléir maidir le caiteachas airgid, cúrsaí soláthair agus caiteachas caipitil san áireamh;
- (d) buiséid bhliantúla agus pleananna fadtéarmacha don Ghníomhaireacht ina sonraítear ábhar baoil agus deiseanna buntábhachta;
- (e) cuntais bhainistíochta arna n-ullmhú agus arna gcur faoi bhráid an Bhoird uair sa mhí;
- (f) iniúcháir inmheánach a choinníonn na córais airgeadais agus na córais rialúcháin bhuntábhachtacha faoi athbhreithniú;
- (g) coiste iniúcháireachta a phléann ceisteanna suntasacha maidir le cúrsaí rialúcháin a tharraingítear anuas mar gheall ar iniúcháireacht inmheánach nó iniúcháireacht sheachtrach; agus
- (h) is í an rannóg Airgeadais a dhéanann an bhainistíocht maidir le tuairiscí airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil san áireamh, a ullmhú agus a eisiúint agus sin faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúcháireachta. Déantar rialú ar an bpróiseas tuairiscíochta i gcúrsaí airgeadais trí pholasaithe cuntasáíochta atá leagtha síos i bhfoirm doiciméide. Cuirtear bonn faoin bpróiseas le hobair lucht na Bainistíochta Sinsearaí agus chomhairleoirí gairmiúla, mar shampla achtúire, a leagtar de dhualgas agus de fhreagracht orthu eolas a chur ar fáil de réir na mbeartas aontaithe agus mar chuid de sin faisnéis airgeadais a chur go críochnúil sna córais próiseála agus a thabhairt ar an gcomhréiteach. Is bonn treise faoi fheabhas an chórais na socruithe maidir le hidirdhealú idir dualgais ionas go réitítear an bealach do sheiceáil neamhspleách ar iomláine na dtuairiscí airgeadais. Tagann an fhaisnéis faoi chúrsaí airgeadais i ndáil le gach bliain faoi athbhreithniú lucht na Bainistíochta Sinsearaí. Déanann an Coiste Iniúcháireachta freisin an Tuarascáil Bhliantúil a thabhairt faoi athbhreithniú sula

gcuirtear faoi bhráid an Bhoird í d'fhonn a haontaithe.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh maidir leis an mbliain airgeadais atá faoi chaibidil agus anuas go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais agus tugadh chomh maith leis sin na hábhair baol is mó ó thaobh an ghnó agus an réimeas rialúcháin faoi mheas.

Ráiteas faoi chúrsaí comhlíontais

Tá roghnaithe ag an nGníomhaireacht, chomh fada agus is féidir sin mar gheall ar chúinsí a bhaineann leis an nGníomhaireacht go háirithe, cloí le Cód Rialachais Corparáide 2010 na Ríochta Aontaithe faoi mar a d'eisigh an Financial Reporting Council, mar chuid de bheartas na Gníomhaireachta féachaint teacht leis an sárchleachtas maidir le cúrsaí rialachais corparáide.

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a thuairisciú gur tháinig an Ghníomhaireacht i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010, le Cód Rialachais Corparáide 2008 na Ríochta Aontaithe agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (arna leasú agus arna nuachóiriú sa bhliain 2009), ach amháin i gcás na nithe seo a leanas:

Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Sinsearach neamhspleách

Tugadh an cheist faoi mheas cibé ar chóir comhalta sinsearach aitheanta den Bhord, taobh amuigh den Chathaoirleach, a ainmniú ionas go bhféadfaí ábhar buartha a chur ina láthair agus, i bhfianaise an modh ina gceaptar na Stiúrthóirí, an leagan amach ó thaobh scarshealbhóireachta de agus nósanna imeachta an Bhoird faoi láthair, ba í an chomhairle ar thángthas uirthi ná nach mba chuí sin agus cúrsaí mar atá faoi láthair.

Coiste na nAinmniúchán agus nósanna imeachta maidir le toghadh agus atoghadh

Is é an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil a cheapann na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin agus bíonn siadsan sa phost ar feadh cibé tréimhse a leagann an tAire amach tráth a ndéantar an ceapachán ach gan aon tréimhse ceapacháin níos

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

faide ná cúig bhliana agus, dá bhrí sin, níl feidhm leis na forálacha sin den Chód i gcás na Gníomhaireachta.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Is é an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil a shocraíonn leibhéal an luach saothair do na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Socraítear an luach saothair don Príomhfheidhmeannach de réir na dtreoirlínte maidir le pá sa tSeirbhís Phoiblí a bhíonn i bhfeidhm ag an am. Ní bhíonn an luach saothair do na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ceangailte le cúrsaí feidhmíochta agus foilsítear eolas mar gheall air i ndáil le gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin faoi leith thuas arna lua mar tháillí i nóta 6 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais. Cuireann an Coiste Luach Saothair moltaí i ndáil le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ar aghaidh d'fhonn a mbreithniú ag an mBord; mar a tharlaíonn, ní raibh aon chruinniú den Choiste Luach Saothair ann i rith na bliana atá faoi chaibidil.

Iniúcháireacht inmheánach

Mar gheall ar mhéid agus ar chineál na Gníomhaireachta, níl an fheidhm maidir le Iniúcháireacht Inmheánach saor ó fhreagracht i gcúrsaí oibriúcháin; in ainneoin sin, tá na Stiúrthóirí cinnte go bhfágat leibhéal leordhóthaineach neamhspleáchais faoin bhfeidhm maidir le hiniúcháireacht inmheánach agus a ligeann do chomhlíonadh na ndualgas sin ar bhealach oibiachtúil lena mbaineann dóthain neamhspleáchais.

Eolas faoi Scéim le Sochar Sainithe a Nochtadh i gcás Stiúrthóirí

Rinne na Stiúrthóirí de réir na dtreoirlínte maidir le nochtadh a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit, in ionad déanamh de réir an Chomhchóid, mar go meastar gur oiriúnaí sin do chás na Gníomhaireachta.

5. Gnóthas Leantach

Tugtar cuntas ar bheartaíocht gnó na Gníomhaireachta, maille leis na tosca ar dócha go dtiocfaidh siad i bhfeidhm ar fhorbairt, ar thoradh oibre agus ar riocht na Gníomhaireachta san am atá le theacht, i dTuarascáil an Chathaoirligh ar leathanaigh 4 go dtí 9 agus sna codanna sin den Ráiteas faoi bheartais

cuntasaíochta a bhaineann leis an teacht ar chiste agus gnóthas leantach. Anuas air sin, tugtar cuntas mionsonraithe i nóta 15 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais ar aidhmeanna na Gníomhaireachta i ndáil leis an mbainistíocht maidir le riosca airgeadais; mionsonraí faoin mbeartaíocht i gcúrsaí ionstraimí airgeadais agus gnóthaí fálúcháin; agus ar an nochtadh do bhaol ó thaobh riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca maidir leis an margadh.

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú. Agus Bord na Stiúrthóirí ag teacht ar an gcomhairle faoi acmhainn na Gníomhaireachta leanacht ar aghaidh mar ghnóthas leantach, tugadh san áireamh an t-ábhar suntasach baoil agus éiginnteachta atá ag dul i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair, go háirithe maidir leis an deacracht a bhaineann le teacht ar chistí.

Tugtar de chumhacht don Gníomhaireacht faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus faoi alt 19 den Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 a iarraidh ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) tabhairt faoi iasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi réir na dtéarmaí i gcomhaontú foirmeálta idir an GBCN agus an Gníomhaireacht, is í an Gníomhaireacht a shocraíonn an beartas ginearálta ar dá réir a tharlaíonn an bheartaíocht maoiniúcháin a dhéanann an GBCN agus an bheartaíocht maidir le hionstraimí fiachais cuí. Is i gcomhar go dlúth le GBCN, agus ar chomhairle GBCN, a oibríonn an Gníomhaireacht maidir leis na cláir oibre i ndáil le páipéar Eurothrachtála. [ECP] agus Nótaí faoi Ráthaíocht [GN]. Bhí luach €3.8 billiún i bhfoirm Nótaí faoi Ráthaíocht ceannaithe ag GBCN faoin 31 Nollaig 2010 (2009: €212k). Ní raibh i gceist leis na cistí a gnóthaíodh tríd an gclár ECP ach €301 milliún de chistíocht iomlán na Gníomhaireachta (2009: €4,084 milliún).

Tá curtha isteach ar bhealach suntasach i rith na bliana ag an íslíú céime maidir le rátaí creidmheasa an stáit, agus dá réir sin le rátaí creidmheasa na Gníomhaireachta, agus ag Éire tarraingt siar ó na margai

cistíochta ar an teacht a bheadh ag an nGníomhaireacht ar chistí tríd an gclár ECP atá dírithe ar an margadh. Tar éis chlár cúnamh airgid an CAI/AE, rinne an Roinn Airgeadais riocht leachtachta agus cistíochta na GAT go ceann 12 mí a thabhairt faoi bhreithniú agus d'iarr an Roinn go leanfadh GBCN ag cur cistíocht GN ar fáil don GAT. Aontaíodh go gcuirfear na cistí ar rátaí foluaine tríd an gclár cúnamh airgid ar fáil ina thráinsí, agus tréimhse aibíochta 3 mhí i gceist le gach ceann. Tagann na nótaí GN faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais in Éirinn. Bhí mar chuid de mheasúnacht na Stiúrthóirí ar an gceist maidir lena oiriúnaí a bheadh na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó agus ar phleananna cistíochta na Gníomhaireachta agus na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- a bheith ar chumas na Gníomhaireachta, tríd an gclár Nótaí faoi Ráthaíocht, teacht ar acmhainn leachtachta agus cistíochta chlár cúnamh airgid an AE/CAI;
- cur i bhfeidhm chomhchlár an AE/CAI i leith na hÉireann; agus
- an tréimhse a meastar gur lena linn a thiocfaidh geilleagar na hÉireann slán ón ngéarchéim atá ann faoi láthair.

Tá na Stiúrthóirí cinnte go mbeidh, ainneoin ábhar éiginnteachta ó thaobh cúrsaí geilleagair, polaitíochta agus margaidh, teacht ag an nGníomhaireacht ar chiste dóthaineach go ceann 12 mí i bhfianaise iarratas na Roinne Airgeadais le GBCN; agus gur cuí i gcónaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, go leanfaidh an Gníomhaireacht i mbun gnó chomh fada agus is féidir a thuar.

6. Stiúrthóirí

Níl aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scaireanna ná i mbintíúir na Gníomhaireachta.

7. Conarthaí

Níor ceanglaíodh aon chonradh ná socrú leis an nGníomhaireacht i rith na bliana ina raibh leas ábhartha i ndáil le gnó na Gníomhaireachta ag Stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta.

8. Imeachtaí ó dháta an chlár chomhardaithe i leith

Níor tharla aon bheart ó dheireadh na bliana a d'fhágfadh go gcaithfí leasú a dhéanamh maidir leis na ráitis airgeadais ná nóta a chur leo.

9. An tAcht Toghcháin, 1997

Níor thug an Gníomhaireacht aon síntiús polaitíochta i rith na bliana faoi chaibidil.

10. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála)

Tá dlite ar an nGníomhaireacht forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 a bhí ann roimhe sin (dá ngairtear "Na Rialacháin" le chéile) a chomhlíonadh. Tugadh le fios ar athbhreithniú a dhéanamh ar na híocaíochtaí go léir i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010 nach raibh aon íocaíochta rinneadh i rith na bliana 2010 mall de réir an Achta sin thuas.

11. Sláinte agus Sábháilteacht na bhFostaithe

Déantar dea-bhail fhostaithe na Gníomhaireachta a chosaint trí chloí go daingean leis na caighdeáin maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Leagtar cúraimí faoi leith ar fhostóirí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus tá na bearta sin is gá déanta ag an nGníomhaireacht chun cinntiú go mbítear ag teacht leis an Acht agus áirítear orthu sin ráiteas sábháilteachta a leagan amach a ndéanann na Stiúrthóirí athbhreithniú ina leith gach bliain.

On behalf of the Board,



John Bolger
Cathaoirleach
31 Márta 2011

12. Taifid Chuntasaíochta

Is é tuairim na Stiúrthóirí ná gur shásaigh siad forálacha alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir leis na leabhair chuntais trí lucht pearsanra cuntasaíochta a fhostú ag a raibh an saineolas cuí agus trí acmhainní dóthaineacha a chur i leith na feidhme maidir le cúrsaí airgeadais. Is in oifig chláraithe na cuideachta a choimeádtar na leabhair chuntais.

13. Iniúcháirí

I ndáil le hAlt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh an t-iniúcháir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig.



Ian d'Alton
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
31 Márta 2011

Caibidil 3

Ráiteas faoi fhreachtaí na stiúrthóirí



Tá de fhreagracht ar na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú agus sin a dhéanamh de réir an dlí agus de réir na rialachán atá infheidhme ina leith.

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais. Tá roghnaithe ag na Stiúrthóirí faoin dlí sin na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, lena gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir an dlí, ní foláir léargas fíor cothrom a bheith á thabhairt le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta ar riocht ghnóthaí na cuideachta agus ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas i leith na bliana faoi chaibidil.

Ní mór do na Stiúrthóirí, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach;
- breithiúnas agus meastachán a dhéanamh ar bhealach atá réasúnach stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go nár bh chuí glacadh leis go leanfaidh an Gníomhaireacht i mbun gnó.

Is ar na stiúrthóirí a leagtar an fhreagracht as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtáítear le cruinneas réasúnach ag am ar bith riocht airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar chumas na Stiúrthóirí cinntiú go sásaítear Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009 leis na ráitis airgeadais. Leagtar de fhreagracht orthu freisin gach beart is féidir leo le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun teacht roimh aon chalaois agus mírialtacht eile agus chun calaois nó mírialtacht a thabhairt faoi deara a dhéanamh.

Bíonn de fhreagracht ar na Stiúrthóirí freisin Tuarascáil na Stiúrthóirí a ullmhú lena gcomhlíontar gach a n-éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Thar ceann an Bhoird,



John Bolger
Cathaoirleach

31 Márta 2011



Ian d'Alton
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

31 Márta 2011

Caibidil 4

Tuarascáil ón Iniúcháir
Neamhspleách do chomhaltaí
na Gníomhaireachta
Airgeadais Titíochta CPT

Tá iniúcháireacht déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais Titiochta cpt don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009 lena n-áirítear an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, ráiteas i leith na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir na mbeartas cuntasáiochta a leagtar amach mar chuid díobh.

Is do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin, mar chomhlacht dóibh, atá an tuarascáil seo á tabhairt, ag teacht le halt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh an obair iniúcháireachta sa chaoi agus go mbeadh ar ár gcumas na nithe sin atá dlite orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir a lua le comhaltaí na Gníomhaireachta agus chun na críche sin amháin. Chomh mór ar fad agus a cheadaítear sin faoin dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht ná ní ghabhaimid aon fhreagracht orainn féin i leith dhuine ar bith ach amháin i leith na Gníomhaireachta agus i leith chomhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, maidir leis an obair iniúcháireachta a rinneamar, leis an tuarascáil seo ná leis an gcomhairle ar ar thángthamar.

An fhreagracht a leagtar ar leithligh ar na Stiúrthóirí agus ar an Iniúcháir Neamhspleách faoi seach

Leagtar amach ar leathanach 25 sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, na freagrachtaí a leagtar ar na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus na gcaighdeán cuntasáiochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasáiochta agus a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (An Cleachtas Cuntasáiochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn).

Is é atá de fhreagracht orainne iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gcoin-

níollacha iomchuí faoin dlí agus faoi rialacháin agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn).

Tugaimid tuairisc daoibh faoinár dtuairim maidir le cé acu an léiriú fíor cothrom a thugtar leis na ráitis airgeadais agus ar ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tuairiscítear freisin maidir lenár dtuairim cé acu, dar linn, an raibh leabhair chuntais chuí á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht; cé acu an bhfuil ar dháta an chláir comhardaithe, cúrsaí airgeadais sa chaoi agus gur ghá cruinniú ginearálta urghnách den Ghníomhaireacht a ghairm; agus cé acu an dtagann an fhianaise a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Lena chois sin, luaitear cé acu an bhfuairamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a bhí de dhíth chun críche na hiniúcháireachta, agus cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais agus na leabhair chuntais ag teacht le chéile.

Tugtar tuairisc daoibh freisin sa chás gurb é ár dtuairim go bhfuil aon fhaisnéis a leagtar síos go sonrach faoin dlí maidir le luach saothair na Stiúrthóirí agus idirbhearta de chuid na Stiúrthóirí gan foilsiú agus, sa chás gur féidir sin, tugtar faisnéis den sórt sin san áireamh mar chuid dár dtuarascáil.

Tugaimid faoi athbhreithniú cé acu an dtugtar léargas leis an ráiteas maidir leis an gcóras rialúcháin airgeadais inmheánach a éilítear faoin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* 2009 agus a thugtar sa Ráiteas faoi Rialachas Corparáide ar leathanaigh 11 go 15 ar chomhlíontas na Gníomhaire-

Tuarascáil ón Iniúcháir Neamhspleách do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Titíochta CPT ar lean

achta i ndáil leis na naoi gcinn d'fhorálacha a luaitear go sonrach sa Chomhchód maidir le Rialachas Corparáide 2008 de chuid na Comhairle Tuairis-cíochta Airgeadais a bheith le breithniú ag na hiniúcháirí, agus tugaimid tuairisc sa chás nach mar sin atá. Níl dlite orainn a mheas cé acu an dtugtar gach ábhar baoil agus gach beart rialúcháin faoi scáth ráitis an Bhoird faoin rialúchán inmheánach ná níl ceangailte orainn a theacht ar thuairim maidir le héifeachtúlachta nósanna imeachta na Gníomhaireachta maidir le rialachas corparáide ná na gnásanna rialúcháin.

Léimid an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus déantar a mheas an bhfuil sin ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní thugtar i gceist leis an bhfaisnéis eile sin ach amháin tuarascáil na Stiúrthóirí agus tuarascáil an Chathaoirligh. Tugaimid san áireamh an tionchar a bheadh aige ar an tuarascáil uainne sa chás go dtugaimid faoi deara aon mhíríteas nó aon ábhar suntasach nach dtagann i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Ní théann an fhreagracht a leagtar orainn níos faide ná an fhaisnéis sin.

An bonn atá faoin tuairim iniúcháireachta

Is de réir na gCaighdeán Idirnáisiúta maidir le hIniúcháireacht (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna n-eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúcháireachta a cuireadh an iniúcháireacht i gcrích. Bíonn mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na suimeanna agus le hábhar a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Bíonn mar chuid de freisin measúnú i ndáil le hábhar meastacháin agus breithiúnais den suntas de chuid na Stiúrthóirí maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú, agus i ndáil le cé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na cuideachta, an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go seasta agus á bhfoilsíú go leordhóthaineach.

Rinneadh an t-iniúchadh a leagan amach agus a thabhairt i gcrích sa chaoi agus go dtiocfaí ag an bhfaisnéis ar fad agus ar an ábhar míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith de dhíth chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu an calaois nó míréir eile nó earráid a bheadh mar chúis leis sin. Agus muid ag teacht ar ár mbreith, rinneadh measúnú freisin ó thaobh dóthanachta ar chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuarascáil ón Iniúcháir Neamhspleách do chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Titiochta CPT ar lean

Tuairim

Táimid den tuairim:

- go dtugtar léargas fíor cothrom sna Ráitis Airgeadais, de réir an Chleachtais Chuntaisíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, ar an riocht ina raibh gnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2010 agus ar an mbarrachas maidir leis an mbliain dar críoch an tráth sin; agus
- go ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú mar is ceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis ar fad agus gach míniúchán a mheasaimid a bheith de dhíth chun críche na hiniúcháireachta. Is í ár dtuairim go raibh leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí agus i dtuarascáil an Chathaoirligh i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is mó luach sócmhainní glan na Gníomhaireachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, ná leath luach an scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin ní rabhthas, dar linne, ar an 31 Nollaig 2010 sa chás ó thaobh cúrsaí airgeadais de a d'fhágfadh go gcaithfí cruinniú ginearálta urghnách den Gníomhaireacht a ghairm de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

Cuntasóirí Cairte,



KPMG

Iniúcháir Cláraithe

31 Márta 2011

1 Plás Mháistir an Chuain

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1.



Caibidil 5

Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta mar seo a leanas i bhfeidhm go seasta leanúnach i mbun déileáil le nithe ar measadh tábhacht a bheith leo i ndáil le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

An bonn ullmhúcháin

Is de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú ach amháin go luaitear na sócmhainní airgeadais aitheanta agus na dliteanais airgeadais aitheanta a bhfuil fálúchán déanta ina leith ar an luach cóir maidir leis an riosca a bhfuil fálúchán déanta ina leith; déantar gach ionstraim díorthaigh a mheas ar an luach cóir.

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, lena gcuimsítear cúrsaí comhlíontais maidir le dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais (“FRS”) Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta, faoi mar atá fógraithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Cuireadh na beartais chuntasaíochta mar a leagtar amach thíos i bhfeidhm go seasta leanúnach maidir le gach tréimhse dá gcuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo.

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú. Agus Bord na Stiúrthóirí ag tabhairt na ceiste faoi acmhainn na Gníomhaireachta leanacht ar aghaidh mar ghnóthas leantach faoi bhreithniú, tugadh san áireamh an t-ábhar suntasach baoil agus éiginnteachta atá ag dul i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair, go háirithe maidir leis an deacracht a bhaineann le teacht ar chistí.

Tugtar de chumhacht don Ghníomhaireacht faoi alt 17 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus faoi alt 19 den Acht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 a iarraidh ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) tabhairt faoi iasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi réir na dtéarmaí i gcomhaontú foirmeálta idir an GBCN agus an Ghníomhaireacht, is í an Ghníomhaireacht a shocraíonn an beartas ginearálta ar dá réir a tharlaíonn an bheartaíocht maoiniúcháin a dhéanann an GBCN agus an bheartaíocht maidir le hionstraimí

fiachais cuí. Is i gcomhar go dlúth le GBCN, agus ar chomhairle GBCN, a oibríonn an Ghníomhaireacht maidir leis na cláir oibre i ndáil le páipéar Eurothrachtála. [ECP] agus Nótaí faoi Ráthaíocht [GN]. Bhí luach €3.8 billiún i bhfoirm Nótaí faoi Ráthaíocht ceannaithe ag GBCN faoin 31 Nollaig 2010 (2009: €212k). Ní raibh i gceist leis na cistí a gnóthaíodh tríd an gclár ECP ach €301 milliún de chistíocht iomlán na Gníomhaireachta (2009: €4,084 milliún).

Tá curtha isteach ar bhealach suntasach i rith na bliana ag an íslíú céime maidir le rátaí creidmheasa an stáit, agus dá réir sin le rátaí creidmheasa na Gníomhaireachta, agus ag Éire tarraingt siar ó na margaí cistíochta ar an teacht a bheadh ag an nGníomhaireacht ar chistí tríd an gclár ECP atá dírithe ar an margadh. Tar éis chlár cúnamh airgid an CAI/AE, rinne an Roinn Airgeadais riocht leachtachta agus cistíochta na GAT go ceann 12 mí a thabhairt faoi bhreithniú agus d’iarr an Roinn go leanfadh GBCN ag cur cistíocht GN ar fáil don GAT. Aontaíodh go gcuirfeadh na cistí ar rátaí foluaine tríd an gclár cúnamh airgid ar fáil ina thráinsí, agus tréimhse aibíochta 3 mhí i gceist le gach ceann. Tagann na nótaí GN faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais in Éirinn. Bhí mar chuid de mheasúnacht na Stiúrthóirí ar an gceist maidir lena oiriúnaí a bheadh na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó agus ar phleananna cistíochta na Gníomhaireachta agus na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- a bheith ar chumas na Gníomhaireachta, tríd an gclár Nótaí faoi Ráthaíocht, teacht ar acmhainn leachtachta agus cistíochta chlár cúnamh airgid an AE/CAI;
- cur i bhfeidhm chomhchlár an AE/CAI i leith na hÉireann; agus
- an tréimhse a meastar gur lena linn a thiocfaidh geilleagar na hÉireann slán ón ngéarchéim atá ann faoi láthair.

Ráiteas faoi bheartais cuntasáíochta ar lean

Tá na Stiúrthóirí cinnte go mbeidh, ainneoin ábhar éiginnteachta ó thaobh cúrsaí geilleagair, polaitíochta agus margaidh, teacht ag an nGníomhaireacht ar chiste dóthaineach go ceann 12 mí i bhfianaise iarratas na Roinne Airgeadais le GBCN; agus gur cuí i gcónaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, go leanfaidh an Gníomhaireacht i mbun gnó chomh fada agus is féidir a thuar.

An t-airgeadra feidhmiúcháin agus tuairiscíochta

Is de réir an Euro, airgeadra feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, a chuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair. Ach amháin sa chás go dtugtar a mhalairt le fios, rinneadh an fhaisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in Euro a shlánú go dtí an an míle ba chónagaráí.

Ábhar meastacháin agus breithiúnais

Bíonn ar an lucht bainistíochta, le linn Ráitis Airgeadais a ullmhú, teacht ar mheastachán, ar bhreithiúnas agus ar bhonn tuisceana maidir le nithe éagsúla agus bíonn tionchar aige sin ar an mbealach a gcuirtear beartais chuntasaíochta i bhfeidhm agus ar an luach a luaitear le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus speansais.

Bíonn athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach i ndáil le hábhar meastacháin agus leis an mbonn tuisceana is bun lena ndéanamh. Luaitear leasú a dhéantar ar mheastachán cuntasáíochta i ndáil leis an tréimhse ina ndéantar an meastachán a leasú agus i ndáil le haon tréimhsí as sin amach a dtéann an leasú i bhfeidhm ina leith.

Is iad na meastacháin sin a bhaineann le réimse chailiteanais bhearnúcháin a d'fhéadfadh a theacht i gceist maidir le morgáistí ón am roimh mí Bealtaine 1986, le sochair d'fhostaithe agus leis an ríomh ar an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a rachadh i bhfeidhm go mór ar na ráitis airgeadais agus a mbeadh an baol ann ina leith go dteastódh coigeartú suntasach a dhéanamh mar gheall orthu an bhliain dar gcionn.

Caillteanas bearnúcháin maidir le hiasachtaí agus airgead ar airleacan

Tugann an Gníomhaireacht iasachtaí do na húdaráis áitiúla. I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile na húdaráis áitiúla, agus (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina urrús i leith gach suim atá dlite don Gníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an Gníomhaireacht), tá an Bord den tuairim nach dtagann aon bhaol maidir le riosca creidmheasa i gceist i ndáil le hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar an 27 Bealtaine 1986 ná tráth ar bith ó shin i leith.

Sochair d'fhostaithe

Tá scéim pinsin le sochair shainithe ar bun ag an nGníomhaireacht a dtagann gach ball buan den fhoireann faoina scáth; déantar luach achtúireachta shócmhainní agus dhliteanais na scéime a ríomh. Baineann leis sin samhlú a dhéanamh ar an bhforás a thiocfaidh fúthu san am atá le theacht agus éilítear dá réir sin ar lucht na bainistíochta, teacht ar bhonn tuisceana, i gcomhairle le hachtúire seachtrach, maidir le boilsciú ar phraghasanna, ardú ar thuarastail agus ar phinsin, fáiltas ar infheistíocht agus ré saolach na bhfostaithe. Bíonn raon inghlactha i gceist inar féidir le meastacháin den chineál sin a theacht go dliteanach. D'fhéadfadh gur tionchar eile ar fad a bheadh ar na torthaí i leith na tréimhse agus ar an riocht airgeadais dá réir, dá mbeadh malairt bonn tuisceana á leanacht. Foilsítear breis sonraí ina leith seo i nóta 23.

Luach cóir ionstraimí a ríomh - Díorthaigh

Déantar ionstraimí airgeadais a lua ar an gclár comhardaithe de réir an luacha chóir. Is í an fhianaise is soiléire ar luach cóir praghas soiléir an mhargaidh ar mhargadh beo. Baineann an bhainistíocht leas as praghasanna beo an mhargaidh agus luach á lua le díorthaigh.

Sa chás nach mbíonn praghasanna á bhfoilsíú, fágfar gur mó a bhítear ag brath ar mhodhanna meastúcháin lena n-éilítear ar dhaoine breithiúnas a thabhairt. Tagann i gceist le breith den tsórt sin a

Ráiteas faoi bheartais cuntasáíochta ar lean

thabhairt an sreabhadh airgid a dheimhniú, ráta lascaine saor ó riosca a shonrú agus raon difríochta creidmheasa a chur i bhfeidhm. Bíonn gach teicníc luachála a chuirtear i bhfeidhm bunaithe ar shonraí soiléir an mhargaidh agus tagann an luacháil faoi réir bhearta athbhreithnithe agus aontaithe.

Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais

Aitheantas

Tugann an Ghníomhaireacht aitheantas ar dtús d'iasachtaí agus do shuímeanna ar airleacan, d'éarlaisí, d'urrúis fiachais ar eisiúint agus do bhannaí treoirnaisc ar an dáta a gcuirtear tús leo.

Dí-aitheantas

Stadann an Ghníomhaireacht ó aitheantas maidir le sócmhainn airgeadais nuair a thagann deireadh leis na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid ón tsócmhainn, nó nuair a aistrítear na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid an tsócmhainn airgeadais a fháil trí idirbheartaíocht lena n-aistrítear an riosca ar fad agus an gnóthachan uile a bheag nó a mhór a ghabhann le húninéireacht ar an tsócmhainn airgeadais. Déantar aitheantas mar shócmhainn nó dlíteanas ar leithligh a thabhairt d'aon leas i sócmhainní airgeadais tar éis iad a aistriú, ar leas é a chruthaigh an Ghníomhaireacht nó a choimeád an Ghníomhaireacht.

Stadann an Ghníomhaireacht ó aitheantas maidir le dlíteanas airgeadais nuair a bhíonn na dualgais a leagtar uirthi faoin gconradh curtha di aici nó ar sin a chur ar ceal nó a dhul in éag.

D'fhéadfadh go mbeadh baint ag an nGníomhaireacht le hidirbhearta trína n-aistrítear sócmhainní atá aitheanta ar a clár comhardaithe ach go gcoinnítear gach riosca agus gach gnóthachan a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe nó sciar áirithe díobh. Sa chás go gcoinnítear na rioscaí agus an gnóthachan ar fad, a bheag nó a mhór, ní stadtar sa chás sin ó na sócmhainní aistrithe a aithint ar an gclár comhardaithe.

Fritháireamh

Déantar fritháireamh maidir le sócmhainní agus dlíteanais airgeadais agus cuirtear an tsuim glan i láthair sa chlár comhardaithe nuair atá de cheart ag an nGníomhaireacht faoin dlí, agus sa chás sin amháin, na suimeanna a fhritháireamh agus nuair atá de rún ag an nGníomhaireacht réiteach maidir leis an tsócmhainn ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus réiteach maidir leis an dlíteanas an tráth céanna.

Luaitear ioncam agus speansais ar bhonn glansuime nuair a bhíonn de rún agus d'acmhainn ag an nGníomhaireacht na suimeanna a fhritháireamh.

An luach ar amúchadh a mheas

Is ionann an costas ar amúchadh maidir le sócmhainn nó dlíteanas airgeadais agus an tsuim a luaitear leis an tsócmhainn nó an dlíteanas airgeadais nuair a aithnítear ar dtús é, lúide aisíocaíochtaí i leith na príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach, agus modh an ráta éifeachtaigh úis á chur in úsáid maidir le haon difríocht idir an tsuim a aithníodh ar dtús agus an tsuim ar aibeachan, lúide aon laghdú maidir le lagú.

An luach cóir a mheas

Bíonn an próiseas maidir le luach cóir a lua le sócmhainní airgeadais agus le dlíteanais airgeadais bunaithe ar phraghasanna foilsithe an mhargaidh nó ar thairiscintí praghasanna ó lucht déileála maidir le hionstraimí airgeadais arna dtrádáil ar mhargaí beo. Maidir le luach foilsithe an mhargaidh, is ar an bpraghas tairisceana a bhunaítear é ach sin a bheith ar fáil. I gcás na n-ionstraimí airgeadais eile ar fad, socraítear an luach cóir trí mhodhanna luachála a chur in úsáid. I gcás urrús nach mbíonn luach foilsithe an mhargaidh ar fáil lena aghaidh, baineann an Ghníomhaireacht leas as teicnící meastúcháin chun an luach cóir a shocrú. I measc na modhanna meastúcháin a úsáidtear, tá siad seo a leanas: sreabhadh airgid lascainithe, samhaltacha inmheánacha lena mbaintear leas as sonraí soiléire an mhargaidh nó as comórtas le hurrúis eile atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na cinn faoi chaibidil.

Ráiteas faoi bheartais cuntasaióchta ar lean

Iasachtaí agus Suimeanna Infhaighte

Sócmhainní airgeadais nach díorthaigh iad agus a mbíonn íocaíochtaí seasta nó íocaíochtaí indeimhinthe ag gabháil leo agus nach luaitear ar mhargadh beo agus nach bhfuil i gceist ag an nGníomhaireacht iad a dhíol láithreach ná in imeacht gearrthéarma atá in iasachtaí agus i suimeanna infhaighte.

Déantar iasachtaí agus suimeanna infhaighte a mheas ar dtús ar an luach cóir mairir leis an gcomaoín a fuarthas agus coinnítear ina dhiaidh sin iad arna lua de réir an chostais amúchta lúide soláthar maidir le lagú. Is ar bhonn an ráta úis éifeachtach a thugtar aitheantas don ioncam ó iasachtaí agus suimeannainfhaighte.

Lagú a shonrú agus a mheas

Déanann an Ghníomhaireacht, tráth an chláir chomhardaithe i ngach tréimhse airgeadais, an cheist a mheas cé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais nach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a iompraítear iad. Áirítear lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais sa chás gur léir ó fhianaise oibiachtúil gur tharla eachtra caillteanais ó rinneadh an tsócmhainn a aithint ar dtús agus go bhfuil tionchar, ar féidir é a mheas go hiontaofo, ag an eachtra caillteanais sin ar an sreabhadh airgid ón tsócmhainn sin san am atá le theacht.

Déanann an Ghníomhaireacht fianaise maidir le lagú a mheas maidir leis an tsócmhainn amháin faoi leith agus i ndáil le tiomsáin sócmhainní chomh maith. Déantar measúnú maidir le gach sócmhainn airgeadais a bhfuil suntas léi aisti féin i ndáil le lagú faoi leith maidir leis an tsócmhainn sin. Déantar gach sócmhainn shuntasach ansin nach meastar gur tharla lagú faoi leith i ndáil leo a mheas mar thiomsán d'fhonn aon lagú a fulaingíodh ach nár tuairiscíodh go fóill a thabhairt chun aire. Sócmhainní nach bhfuil suntasach astu féin, déantar an measúnú maidir le lagú ina leith arna dtabhairt ina dtiomsáin de shócmhainní airgeadais (arna n-iompar de réir an chostais ar amúchadh) a bhfuil tréithe riosca den chineál céanna ag baint leo. Déantar caillteanas mar gheall ar

lagú ar shócmhainní arna arna n-iompar de réir an chostais ar amúchadh a thomhas de réir an difríocht atá idir luach iompair na sócmhainní airgeadais agus luach reatha an sreabhadh airgid measta arna lascainiú de réir an ráta úis éifeachtach a bhain leis na sócmhainní ar dtús. Déantar caillteanais a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais agus léirítear iad i gcuntas liúntas maidir le hiasachtaí agus airgead ar airleacan.

Leantar den aitheantas maidir le hús ar an tsócmhainn lagaithe le linn an ráta lascaine a bheith á scaoileadh.

Déantar díscríobh sa chás go meastar maidir le héileamh nach féidir bailiúchán a dhéanamh ina leith nó go bhfuil sé maite. Cuirtear suimeana díscríofa de mhuirear in aghaidh soláthairtí a rinneadh roimhe sin maidir le lagú nó luaitear sa chuntas ioncaim agus chaiteachais go díreach iad.

Díorthaigh agus cúrsaí fálúcháin

Is féidir de réir chuntasaíocht fálúcháin ionstraim airgeadais amháin, díorthach - comhaontú ar ráta chun cinn mar shampla - de ghnáth, a ainmniú mar bheart fálúcháinmaidir le hionstraim airgeadais eile, mar shampla iasacht nó urrús fiachais. Déantar páipéarachas foirmeálta a dhréachtadh ar thús a chur leis an gceangal fálúcháin, agus leagtar amach ansin an straitéis fálúcháin, na hidirbhearta a bhaineann leis agus an modh ina ndéanfar an éifeachtúlacht a thomhas.

Déantar díorthaigh a aithint ar dtús ar an luach cóir ar dhátaí cheangal na gconarthaí agus rangáitear ina dhiaidh sin iad mar shócmhainní airgeadais nó mar dhliteanais airgeadais a ainmnítear mar ionstraimí fálúcháin. Sa chás go mbíonn luach cóir díorthaigh níos airde ná an bunluach, déantar é a iompar mar shócmhainn díorthaigh, agus sa chás go mbíonn an luach níos ísle ná an bunluach, déantar é a iompar mar dhliteanas díorthaigh. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas ar an luach cóir a atomhas ar dháta an chláir chomhardaithe a aistriú go dtí an cúlchiste fálúcháin maidir le sreabhadh airgid a oiread agus a mheastar go bhfuil éifeacht leis an gceangal fálúcháin.

Ráiteas faoi bheartais cuntasáíochta ar lean

Is ar bhonn leanúnach a dhéantar monatóireacht maidir le héifeachtúlacht an fhálúcháin. Leantar den chuntasaíocht fálúcháin a chur i bhfeidhm sa chás go dtagann an t-athrú maidir le luach cóir na hionstraime fálúcháin agus na míre a ndéantar fálúchán ina leith i gcomhchoibhneas idir 80% agus 125% maidir leis an tréimhse ó rinneadh tástáil maidir le héifeachtúlacht cheana nó go carnach leis an tréimhse ó tioncnaíodh an socrú.

Baineann an Ghníomhaireacht úsáid as bearta fálúcháin maidir le sreabhadh airgid chun fálúchán a dhéanamh maidir leis an riosca go dtarlóidh athruithe sa sreabhadh airgid mar gheall ar athruithe i rátaí malairte airgeadra eachtraigh i ndáil leis an ionstraim airgid bhunchúiseach (e.g. urrús fiachais), trína gcuirtear an sreabhadh airgid maidir le nithe fálaithe i gcomhréir leis an sreabhadh airgid comhfhreagrach ón díorthach fálúcháin. Luaitear an sciar éifeachtúil d'aon ghnóthachan nó caillteanas maidir le díorthach go díreach leis an gcothromas agus déantar cuntasaíocht i ndáil leis an mír fhálaithe de réir an bheartais i ndáil leis an ionstraim airgeadais sin. Luaitear aon sciar neamhéifeachtúil de ghnóthachan nó de chaillteanas láithreach sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Coinnítear an tsuim iarchurtha sna cúlchistí mar chothromas go dtí go dtarlaíonn an sreabhadh airgid sainluaite agus aithneofar an tsuim sin sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus aithnítear an tráth sin an difríocht i malartú airgeadra eachtraigh maidir leis an mír fhálaithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Mura síltear níos mó go dtarlóidh an sreabhadh airgid a ndearnadh fálúchán ina leith nó sa chás nach bhfuil an fálúchán éifeachtúil níos mó nó sa chás go ndéantar réiteach luath nó foirceannadh i ndáil leis an díorthach fálúcháin, déantar sa chás sin an tsuim iarchurtha sna cúlchistí a aithint láithreach sa chuntas ioncaim agus caillteanais.

Airgead tirim agus a chómhaithe

Is é atá i gceist le hairgead tirim agus a chómhaithe ná airgead tirim sa bhanc agus ar láimh agus infheistíocht ghearrthéarmach, i bhfoirm nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála den chuid is mó lena mbaineann

aibeachan faoi cheann trí mhí nó tráth is luaithe ná sin, atá so-aistrithe go dtí suim airgid thirim atá ar eolas, agus ar fíorbheag an baol go dtiocfadh athrú ar a luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí den sórt sin ar bhonn úis éifeachtach ar feadh na tréimhse go dtarlaíonn aibeachan.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus cúrsaí dímheasa

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir an chostais lúide dímheas carntha agus aon lagú. Déantar an muirear maidir le dímheas a ríomh ar an mbonn seo a leanas sa chaoi is go ndéantar díscríobh ar chostas tosaigh gach sócmhainne seasta lúide an luach iarmharach i rith ré measta fiúntais na sócmhainne:

Trealamh ríomhaireachta	Dronlíne go ceann 3 blian
Trealamh eile	Dronlíne go ceann 5 blian

Déantar athbhreithniú go tráthrialta maidir le meastacháin i ndáil leis an ré measta fiúntais. Déantar soláthar freisin, nuair is gá sin, maidir le lagú ar bith ar shócmhainní seasta inláimhsithe. Déantar athbhreithniú maidir le luach iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe ar an dáta tuairiscíochta d'fhonn a dhéanamh amach cé acu an bhfuil aon chomhartha go bhfuil lagú i gceist. Má tá comhartha den sórt sin ann, déantar an tsócmhainn a thástáil maidir le lagú trí chomparáid a dhéanamh idir an luach iompair agus an luach a d'fhéadfaí a aisghabháil, luach is ionann agus cibé acu is airde idir an tsuim a gheofaí ón tsócmhainn a dhíol nó an luach atá leis an tsócmhainn in úsáid. Luaitear aitheantas maidir le caillteanas ó lagú sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Ús infhaighte agus iníoctha

Aithnítear ús atá infhaighte agus iníoctha maidir le hionstraimí airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus airgead ar airleacan, agus mar dhliteanais airgeadais de réir an chostais ar amúchadh, ar bhonn ráta éifeachtach úis. Tugtar san áireamh leis an ríomh sin ús a fuarthas nó a íocadh, táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas atá ina ndlúthchuid den toradh chomh maith le costais



incriminteacha na n-idirbheart. Nuair a bunaíodh an banna treoirnaisc, measadh go raibh dlúthbhaint ag gné an bhoilscithe maidir leis an toradh leis agus nár ghá dá réir sin cuntasáiocht faoi leith i ndáil leis mar dhíorthach neadaithe. Déantar dá bharr sin toradh réamh-mheasta an bhoilscithe a thabhairt san áireamh sa ríomh ar an ráta éifeachtach úis freisin agus déantar athmheasúnú i ndáil leis sin gach leathbhliain. Is ionann an ráta éifeachtach úis agus an ráta trína ndéantar lascaíocht maidir leis an sreabhadh airgid meastasan am atá le theacht, ar feadh ré ionchais na hionstraime airgeadais nó, tréimhse níos giorra ná sin sa chás gur cuí sin, i ndáil le luach iompair glan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais ar a aithint den chéad uair.

Airgeadra iasachta

Idirbhearta ar airgeadra seachas an Euro is ainm luach i ndáil leo, déantar iad a lua de réir na rátaí a bhí i réim tráth na hidirbheartaíochta féin. Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais in airgeadra eachtrach de réir na rátaí atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Léas oibriúcháin

Tugtar costais maidir le léasanna oibriúcháin san áireamh le caiteachas indíreach agus sin ar bhonn fabhrúithe ar feadh théarma an léasa agus modh na dronlíne i bhfeidhm.

Ioncam airgeadais

Is é bhaineann le hioncam airgeadais an t-ioncam ó ús ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam ó ús de réir mar a bhíonn ag fabhrú agus is é modh an ráta éifeachtach úis a chuirtear i bhfeidhm ina leith.

Cúrsaí Pinsin


Is ionann easnamh nó barrachas glan na Gníomhaireachta maidir leis an bplean pinsin le sochair shainithe agus an t-easnamh nó an barrachas dá réir i ndáil le luach cóir shócmhainní an phlean i gcomórtas le luach reatha na sochar a bheidh dlite do na fostaithe san am atá le theacht i gcúiteamh ar a gcuid fónaimh le linn na tréimhse reatha agus tréimhsí roimhe seo. Is ionann an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm agus toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta ag dáta an chláir chomhardaithe a bhfuil dátaí aibeachan ag dul leo a thagann a bheag nó a mhór leis na téarmaí maidir le dualgaís na Gníomhaireachta. Achtúire cáilithe neamhspleách a dhéanann an t-áireamh agus is é modh chostas réamh-mheasta an aonaid a chuirtear i bhfeidhm. Luaitear gnóthachan agus an caillteanas achtúireachta sa ráiteas faoi ghnóthachan agus caillteanas aitheanta go díreach an tréimhse céanna a dtagann sin chun cinn.

Tugtar san áireamh leis an tionchar ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais an costas seirbhíse reatha, an costas seirbhíse roimhe seo, an costas úis maidir le dliteanais na scéime, agus an toradh measta maidir le sócmhainní an phlean.

Suimeanna Comhfhreagracha

Tá athrangú déanta ar tháillí a gearradh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2009 maidir le táillí ECP dar luach €252k agus iad á rangú anois faoi Chaiteachas Díreach seachas faoi Chaiteachas Riaracháin.





Caibidil 6

Cuntas ioncaim agus caiteachais

	Nóta	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
		€'000	€'000
Ioncam - beartaíocht leantach	3	78,417	99,417
Caiteachas díreach	4	(53,704)	(90,017)
Fuilleach an ioncaim tar éis an chaiteachais díreach		24,713	9,400
Caiteachas indíreach	5	(1,614)	(1,694)
Barrachas oibriúcháin i leith na bliana airgeadais - beartaíocht leantach		23,099	7,706
Ioncam (glan) ó bhearta airgeadais	7	233	3,182
Barrachas i leith na bliana airgeadaí	20	23,332	10,888

Thar ceann an Bhoird,



John Bolger
Cathaoirleach
31 Márta 2011



Ian d'Alton
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
31 Márta 2011

Caibidil 7

Ráiteas faoi iomlán an ghnóthachain aitheanta agus an chailteanais aitheanta

	Nóta	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
		€'000	€'000
Barrachas i leith na bliana airgeadais		23,332	10,888
Gnóthachan achtúireachta	23	109	63
An t-athrú glan sa chúlchiste fálúcháin maidir leis an sreabhadh airgid		296	(294)
Iomlán an ghnóthachain aitheanta agus an chailteanais aitheanta don bhliain airgeadais		23,737	10,657



Caibidil 8

Clár Comhardaithe

	Nóta	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
		€'000	€'000
Sócmhainní in úsáid			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9	51	47
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe (airgead ar airleacan atá dlite faoi cheann tréimhse níos faide ná aon bhliain amháin: €3,606,203 [2009: €3,599,813])	8	4,542,122	4,672,511
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	16	8,469	41,882
Airgead tirim agus a chómhaithe	10	17,195	259,309
		4,567,786	4,973,702
Dlíteanais reatha			
Féichiúnaithe (suimeanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)	11	(4,141,754)	(4,554,747)
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	16	(1,385)	(6,415)
Sócmhainní reatha glan		424,647	412,540
Iomlán sócmhainní lúide iomlán dlíteanais		424,698	412,587
Féichiúnaithe (suimeanna atá dlite faoi cheann tréimhse níos faide ná aon bhliain amháin)	12	(88,108)	(97,555)
Urrúis fiachais ar eisiúint bhannaí treoirnaisc	13	(189,022)	(191,304)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Titíochta 201	14	(92,638)	(92,277)
Sócmhainní glan gan barrachas pinsin a áireamh		54,930	31,451
Barrachas pinsin	23	737	479
Sócmhainní glan		55,667	31,930
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	19	39	39
Barrachas coinnithe	20	55,647	32,206
Cúlchiste fálúcháin maidir le sreabhadh airgi	17	(19)	(315)
Cistí scairshealbhóirí	21	55,667	31,930

Thar ceann an Bhoird,



John Bolger

Cathaoirleach

31 Márta 2011



Ian d'Alton

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

31 Márta 2011

Caibidil 9

Ráiteas faoi shreabhadh airgid

	Nóta	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
		€'000	€'000
Sreabhadh airgid isteach /(amach) mar gheall ar bheartaíocht oibriúcháin	18(a)	179,635	(131,420)
Fáltas ó infheistíocht agus ó sheirbhísíú airgeadais	18(b)	-	-
Caiteachas caipitil	18(b)	(35)	(8)
<i>Bearta Airgeadais</i>			
Íslíú maidir le hiasachtaí bainc agus nótaí iníoctha	18(b)	(421,714)	(17,166)
Íslíú maidir le hairgead tirim i rith na bliana		(242,114)	(148,594)

Caibidil 10

Réiteach idir an sreabhadh airgid glan agus an ghluaiseacht maidir le fiachas glan

	Nóta	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
		€'000	€'000
Íslíú maidir le hairgead tirim i rith na bliana		(242,114)	(148,594)
Sreabhadh airgid amach mar gheall ar íslíú maidir le cistíocht fiachais	18(b)	421,714	17,166
Gluaiseachtaí neamhairgid	18(c)	1,921	6,629
Gluaiseacht maidir le fiachas glan i rith na bliana		181,521	(124,799)
Fiachas glan ag tús na bliana	18(c)	(4,667,729)	(4,542,930)
Fiachas glan ag deireadh na bliana	18(c)	(4,486,208)	(4,667,729)

Caibidil 11

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais

1. Stádas na Gníomhaireachta agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í An Gníomhaireacht Airgeadais Titiochta cpt arna cur ar bun ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um An Gníomhaireacht Airgeadais Titiochta, 1981. Is é an tAire Airgeadais úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe na Gníomhaireachta. Bunaíodh an Gníomhaireacht ina cuideachta theoranta phríobháideach ar an 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta phoiblí di ar an 13 Eanáir 1983.

Maidir le gnáthchúrsaí gnó, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), ar comhlacht Rialtais atá ann freisin agus a meastar dá bharr sin gur páirtí gaolmhar atá ann, a chuireann ciste ar fáil don Gníomhaireacht. Tugtar sonraí i Nóta 15(b) faoi na suimeanna a bhí ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2010 faoin gclár Nótaí faoi Ráthaíocht arb é GBCN a chuireann ar fáil é. B'ionann iomlán an chaiteachais ar ús i ndáil leis na háiseanna sin i rith na bliana airgeadais agus €12.6 milliún (2009: €5.7 milliún).

I ndéanamh ghnáthchúrsaí gnó, tugann an Gníomhaireacht cistí ar iasacht d'Údaráis áitiúla agus don Gníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta ar chomhlachtaí Rialtais atá iontu freisin agus a meastar dá bharr sin gur páirtithe gaolmhara iad. Tugtar sonraí i Nóta 3 leis na ráitis airgeadais faoin ús a saothraíodh ar na cistí ar airleacan sin agus is é atá i gceist leis na suimeanna a bhí ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2010 'larmhéideanna dlite i ndáil le ciste ar airleacan', 'larmhéideannadhlite ó Údaráis Áitiúla' agus 'larmhéideanna dlite ón nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta' mar a fhoilsítear i nóta 8.

Idirbhearta le daoine buntábhachtacha den lucht bainistíochta

Áirítear ar dhaoine buntábhachtacha den lucht bainistíochta na daoine sin a bhfuil d'údarás acu agus de fhreagracht orthu beartaíocht na Gníomhaireachta a rialú, agus tá an Bord Stiúrtha agus daoine ar leibhéal áirithe den bhainistíocht feidhmiúcháin i gceist. Chomh maith lena gcuid tuarastail, íocann an Gníomhaireacht ranníocaíochta le plan sochair shainithe iarfhostaíochta ar son dhaoine buntábhachtacha den lucht bainistíochta. Seo mar a leanas a raibh i gceist le hiomlán an chúitimh le daoine buntábhachtacha den lucht bainistíochta:

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Tuarastail*	300	306
Táillí stiúrthóirí	49	53
Ranníocaíochtaí pinsin	126	129

* Tá san áireamh leis na tuarastail an luach saothair don Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a dtugtar sonraí i ngeall air i Nóta 6, chomh maith le daoine buntábhachtacha eile den bhainistíocht atá ar tuarastal.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

2. Stádas na Gníomhaireachta maidir le cúrsaí cánachais

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá ioncam a thuilleann an Gníomhaireacht Airgeadais Titíochta cpt, de thoradh an ghnó maidir le hiasachtaí agus cistí a thabhairt ar airleacan faoi Alt 5 den Acht um An Ghníomhaireacht Airgeadais Titíochta, 1981, saor ó Cháin Corparáide. Bíonn díolúine maidir le Cáin Corparáide i gceist freisin maidir le hioncam atá inmhuirearaithe faoi Chás III, Sceideal D.

Faoi Alt 172(A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1999, tá de cheart ag an nGníomhaireacht díbhinní a íoc gan Cáin Iarchoimeáda ar Dhíbhinní bainte astu.

3. Ioncam – beartaíocht leantach

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Ús ar airleacan le húdaráis áitiúla arna gceadú		
Tar éis an 27 Bealtaine 1986	77,064	100,228
Roimh an 27 Bealtaine 1986	1,259	(974)
Ús ar chistí a tugadh ar airleacan don Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta	94	163
	78,417	99,417

B'ionann luach iomlán an ioncaim ó ús ar shócmhainní airgeadais nach ar a luach cóir a iompraítear iad maidir leis an gcuntas ioncaim agus caiteachais agus €78.6 milliún agus tá san áireamh leis sin €0.2 milliún d'ioncam ó infheistíocht, (féach nóta 7) i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 (2009: €102.6 milliún a bhfuil €3.2 milliún d'ioncam ó infheistíocht i gceist leis).

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

4. Caiteachas Díreach

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Bannaí treoirnaisc - ús éifeachtúil		
Ús ar bhannaí	7,495	7,754
Préimh maidir le bannaí a fhuascailt (Nóta 13)	(2,131)	(6,854)
	5,364	900
Costas stoic agus iasachtaí		
Ús iníoctha maidir le iasachtaí bainc, páipéar tráchtála, nótaí faoi ráthaíocht agus stoc	47,964	88,864
Táillí ECP	251	252
(Gnóthachan)/caillteanas malairte eachtraí maidir le hiasachtaí	125	(499)
	48,340	88,617
Caillteanas tabhaithe ach nár tuairiscíodh		
Iasachtaí roimh Bhealtaine 1986*	-	500
	53,704	90,017

* Tugtar breis mionneolais maidir le riosca creidmheasa i nóta 15.

5. Caiteachas neamhdhíreach

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Caiteachas eile		
Caiteachas riaracháin (Nóta 6)	1,505	1,575
Táillí riaracháin le húdaráis áitiúla	109	119
	1,614	1,694

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

6. Caiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin a ríomh ar na míreanna seo a leanas a chur de mhuirear in aghaidh an chuntais:

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Iniúcháireacht maidir leis na Ráitis Airgeadais	33	33
Seirbhísí dearbhaithe eile	-	-
Seirbhísí comhairle maidir le cúrsaí cánachais	-	-
Seirbhísí eile seachas iniúcháireacht	14	5
Dímheas (Nóta 9)	31	42
Íocaíochtaí cíosa faoi léas oibriúcháin	150	75
Díolaíochtaí maidir leis na Stiúrthóirí		
Táillí - Cathaoirleach	10	3
Táillí - Stiúrthóirí eile	39	50
Luach saothair don Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	124	129
Ranníocaíochtaí pinsin	57	59
	230	241
Costas maidir le fostaithe (gan Stiúrthóirí a áireamh)		
Tuarastail	538	596
Costais leasa shóisialaigh	43	46
Costais seirbhíse - pinsean - faoi láthair	79	58
Costais seirbhíse -pinsean - roimhe seo	-	84
Iomlán a thugtar san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais	660	784
Ghnóthachan achtúireachta maidir leis an scéim le sochair shainithe a thugtar san áireamh sa ráiteas faoi ghnóthachan agus caillteanas aitheanta	109	63

B'ionann meánlíon na bhfostaithe, an Stiúrthóir feidhmiúcháin san áireamh, i rith na bliana agus 11 (2009: 12).

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

7. Ioncam airgeadais (glan)

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Ioncam infheistíochta maidir le taise gearrthéarmach	178	3,210
Ús a fuarthas ar iarmhéideanna airgid	41	-
Toradh measta maidir le sócmhainní pinsin	108	90
Costas úis maidir le dliteanais pinsin	(94)	(118)
Ioncam airgeadais glan	233	3,182

8. Féichiúnaithe

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Iarmhéideanna dlite maidir le suimeanna ar airleacan		
<i>Dlite ó Údaráis Áitiúla</i>	4,445,639	4,575,245
<i>Dlite ón nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta</i>	3,298	7,372
Iomlán na n-iarmhéideanna dlite maidir le suimeanna ar airleacan	4,448,937	4,582,617
Dlite ó Údaráis Áitiúla*	94,088	90,676
Féichiúnaithe eile agus réamhiocaíochtaí	142	263
	4,543,167	4,673,556
Lúide:Caillteanas tabhaithe gan tuairiscíocht ina leith	(1,045)	(1,045)
	4,542,122	4,672,511

* Is ionann seo agus na suimeanna atá dlite faoi láthair ó údaráis áitiúla agus ón nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta agus a raibh bille seolta ina leith faoin 31 Nollaig 2010.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

Déantar anailís mar seo a leanas maidir leis an iarmhéid atá dlite i ngeall ar shuimeanna ar airleacan:

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
(i) Iasachtaí a aontaíodh tar éis an 27 Bealtaine 1986		
Iarmhéid ag tús na bliana	4,560,954	4,413,792
Iasachtaí a tugadh ar airleacan	395,652	680,730
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(542,725)	(547,190)
Ús a gearradh	75,900	100,391
Ús a fuarthas	(61,658)	(86,769)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	4,428,123	4,560,954
(ii) Iasachtaí a aontaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986		
Iarmhéid ag tús na bliana	21,662	23,846
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(848)	(2,184)
Ús a gearradh (a tabhaíodh)	1,259	(974)
Ús (a fuarthas) / a gearradh	(1,259)	974
Iarmhéid ag deireadh na bliana	20,814	21,662
Iarmhéid ag deireadh na bliana	4,448,937	4,582,616
Soláthar Tiomsaithe		
Iarmhéid ag tús na bliana	1,045	545
Soláthar i rith na bliana	-	500
Iarmhéid ag deireadh na bliana	1,045	1,045

Déantar idirdhealú i gcás iasachtaí le húdaráis áitiúla idir na hiasachtaí a ceadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus ón dáta sin i leith (mar a shonraítear in (i) agus (ii) thuas), mar gheall go gcuirtear riosca creidmheasa éagsúil i leith gach ceann den dá aicme. Tá iasachtaí €3.3 milliún (2009: €7.4 milliún) a tugadh ar airleacan don Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta san áireamh leis na hiasachtaí tar éis an 27 Bealtaine 1986.

Ní raibh aon iasacht le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CCT) ar an 31 Nollaig 2010. Is leis an nGníomhaireacht a bhaineann dliteanas maidir le haon chaillteanas chreidmheasa a thiocthadh chun cinn maidir le morgáistí a ceadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo. Tá soláthar tiomsaithe dar luach €1.045 milliún aitheanta i leith na gcuntas sin, tá breis sonraí ina leith sin le fáil i nóta 15.

Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do na húdaráis áitiúla. I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile na húdaráis áitiúla, (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina urrús i leith gach suim atá dlite don Ghníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an Ghníomhaireacht), agus (c) go gceadaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údarás áitiúil, tá an Bord den tuairim nach dtagann aon bhaol maidir le riosca creidmheasa i gceist i ndáil le hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar an 27 Bealtaine 1986 ná tráth ar bith ó shin i leith. Tugtar breis sonraí i nóta 15.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

9. Sócmhainní seasta inláimhsithe – Trealamh ríomhaireachta agus trealamh eile

	31 Nollaig 2010
	€'000
<i>Costas</i>	
Ag tús na bliana	492
Breisiúchán	41
Diúscairt	(352)
Ag deireadh na bliana	181
<i>Dímheas</i>	
Ag tús na bliana	445
De mhuipear i leith na bliana	31
Diúscairt	(346)
Ag deireadh na bliana	130
Leabharluach glan	
31 Nollaig 2010	51
31 Nollaig 2009	47

Rinneadh diúscairt maidir le sócmhainní seasta inláimhsithe ar luach iomlán €352,331 i irth na bliana, agus rinneadh díscríobh i ndáil le sócmhainní den chuid sin dar luach iomlán €339,886 a raibh luach díscríofa ag ionann agus náid leo i rith na bliana 2010. Ní úsáidtear na sócmhainní sin feasta i mbun an ghnó.

10. Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	17,195	20,705
Suimeanna arna gcoimeád i dtaisce gearrthéarmach	-	238,604
	17,195	259,309

Taisce bainc is mó atá i gceist le taiscí gearrthéarmacha. Taiscí ar luach €0 milliún (2009: €238.6 milliún) a bhí amuigh ar an 31 Nollaig 2010.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

11. Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite faoi cheann tréimhse is giorra ná aon bhliain amháin)

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Páipéar tráchtála	300,237	4,083,663
Áiseanna maidir le nótaí a eisiúint	1,265	-
Nótaí faoi ráthaíocht	3,832,133	212,239
Iasachtaí bainc	-	250,000
Ús atá le híoc maidir le páipéar tráchtála, áiseanna maidir le nótaí a eisiúint agus nótaí faoi ráthaíocht	2,608	3,404
Ús dlite maidir le stoc agus bannaí	5,056	5,053
Fabhrú	455	388
	4,141,754	4,554,747
Creidiúnaithe cánachais (san áireamh maidir le fabhrú)		
ÍMAT	31	27
CBL	8	12

Tagann an páipéar tráchtála, na háiseanna maidir le nótaí a eisiúint agus na nótaí faoi ráthaíocht faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

12. Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite faoi cheann tréimhse is faide ná aon bhliain amháin)

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Iasachtaí bainc agus áiseanna maidir le nótaí a eisiúint		
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	2,495	86
Idir dhá bhliain agus cúig bhliana	-	4,210
Tráth is faide amach ná cúig bhliana	85,613	93,259
	88,108	97,555

Tagann na hiasachtaí agus na nótaí iníoctha faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais ach amháin dhá áis le bainc fhornáisiúnta maidir le €25 milliún an ceann, le haghaidh iasachtaí gan ráthaíocht le haghaidh tionscnaimh uisce, dramhaíola agus comhshaoil.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

13. Urrúis fiachais atá ar eisiúint – bannaí treoirnaisc

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Bannaí Treoirnaisc 4% 2015	95,230	95,230
Luach ainmniúil na mbannaí atá ar eisiúint	95,230	95,230
Speansais glan gan amúchach agus préimh / lascaine ar eisiúint	722	873
	95,952	96,103
Soláthar don phréimh ar bhannaí a fhuascailt	93,070	95,201
	189,022	191,304

Leagtar amach sonraí faoi aibeachan na n-urrús fiachais éagsúla atá ar eisiúint i Nóta 15.

Soláthar maidir leis an bpréimh ar bhannaí treoirnaisc a fhuascailt

	Iomlán	Iarchurtha	Soláthar
	€'000	€'000	€'000
<i>31 Nollaig 2010</i>			
Ag tús na bliana	99,203	(4,003)	95,201
Tháinig chun cinn i rith na bliana	(2,942)	811	(2,131)
Ag deireadh na bliana	96,261	(3,192)	93,070
<i>31 Nollaig 2009</i>			
Ag tús na bliana	106,917	(4,860)	102,057
Tháinig chun cinn i rith na bliana	(7,714)	857	(6,856)
Ag deireadh na bliana	99,203	(4,003)	95,201

Is trí thagairt don chéatadán d'ardú ar an Innéacs Praghasanna Tomhaltais ó bhonndáta gach eisiúint den bhanna go dtí an t-innéacs is infheidhme sé mhí roimh dháta an chúpóin a bhaineann le hábhar a shocraítear an phréimh a bhíonn le híoc tráth na fuascailte. Tagann an banna faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean

14. Urrúis Fiachais atá ar eisiúint - Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Titíochta 2018

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
Ar luach par	95,230	95,230
Lúide: Lascaine gan amúchadh ar eisiúint	(2,592)	(2,953)
	92,638	92,277

Tagann an luach pair atá dlite ar fhuascailt an stoic seo agus an t-ús ar an stoc seo faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

Leagtar amach sonraí faoi aibeachan na n-urrús fiachais éagsúla atá ar eisiúint i Nóta 15.

15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais

Réamhrá agus Léargas Ginearálta

Tharlódh nochtadh i gcás na Gníomhaireachta do rioscaí mar seo a leanas mar gheall ar an úsáid a bhaintear as ionstraimí airgeadais:

- riosca creidmheasa
- riosca leachtachta
- riosca margaidh (lena n-áirítear riosca maidir le rátaí úis, boillsciú agus cúrsaí airgeadra).

Cuirtear eolas i láthair sa nóta seo faoin nochtadh a bhaineann dton Ghníomhaireacht maidir le gach ceann de na rioscaí thuas chomh maith le heolas faoi chuspóirí, faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta na Gníomhaireachta chun an baol ó rioscaí a mheas agus bainistíocht a dhéanamh ina leith.

Creat bainistíochta maidir le cúrsaí riosca

Is ar Bhord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht ghinearálta maidir le creat bainistíochta i ndáil le rioscaí a chur ar bun don Ghníomhaireacht agus maoirseacht a dhéanamh ina leith. Leagadh amach beartais na Gníomhaireachta maidir leis an mbainistíocht a ndáil le riosca d'fhonn an baol a bhíonn ó rioscaí don Ghníomhaireacht a shonrú agus a thabhairt faoi anailís, chun teorainneacha agus bearta rialúcháin cuí a leagan síos maidir le rioscaí, agus chun monatóireacht a dhéanamh i ndáil le rioscaí

agus ar a oiread agus a choinnítear leis na teorainneacha a leagtar síos. Déantar athbhreithniú go rialta ar na beartais agus ar na córais bhainistíochta maidir le rioscaí d'fhonn a gcóiríú i ndáil le hathruithe ar riocht an mhargaidh, ar tháirgí agus ar na seirbhísí a tháirgtear. Tá beartais maidir le hionstraimí díorthaigh cisteáin a úsáid ar chuid de bheartais agus de nósanna imeachta na Gníomhaireachta. Tá siad seo mar bhonn treise faoi chomhlíontas maidir le Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi fhorálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile, 1992 agus tugtar san áireamh leo an sárchleachas maidir le úsáid ionstraimí díorthaigh cisteáin. Is í an phríomhaidhm a bhíonn le hionstaimí díorthaigh airgeadais a úsáid meaitseáil a dhéanamh maidir le riosca nó riosca maidir le hathruithe ionchais ar rátaí malairte eachtraí i ndáil le sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta a a chur ar neamhní.

Ceadaítear faoin 'Sonraíocht agus Ceanglais' reatha (a leanann i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2010), atá de réir beartas a d'aontaigh an Bord, conarthaí maidir le hiomlaoid rátaí úis (€400 milliún), réamhchonarthaí malairte eachtraí (€6.0 billiún), réamh-chomhaontuithe rátaí (€80 milliún), agus caidhpeanna rátaí úis (€300 milliún). Leagtar amach mionsonraí sa 'Sonraíocht agus Ceanglais' faoi na cineálacha frithpháirtithe agus faoi fhreagrachtaí an Bhoird i ndáil leis an mbainistíocht maidir le díorthaigh.

Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach amháin le ceadú

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean
15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais ar lean

Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta nó le ceadú an Rialtóra Airgeadais (i gcás na n-idirbheart sin a bhfuil Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag feidhmiú mar ghníomhaire/frithpháirtí, tá tugtha d'údarás do Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta feidhmiú thar ceann na Gníomhaireachta, cé nach gá ceadú foirmeálta le haon idirbheart a dhéantar, ní mór a nótáil ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ag an Rialtóir Airgeadais) agus cuirtear na hidirbhearta seo faoi phróiseas seiceála maidir le hiniúcháireacht inmheánach go tráthrialta a fhaid agus a bhíonn feidhm leo.

Déanann an Gníomhaireacht faoin gclár páipéir Eurothrachtála (ECP), ECP a eisiúint arna lua in

airgeadra seachas an euro. D'fhoill maolú fálúcháin in aghaidh an riosca airgeadra sin, ceanglaíonn an Gníomhaireacht réamhchomhaontuithe rátaí maidir le hairgeadra iasachta.

Bhí luach barúlach €0.22 billiún de réamhshocruithe airgeadra eachtraigh ag seasamh amach ag an nGníomhaireacht ag deireadh na bliana, mar mhaolú fálúcháin maidir le iomlán riosca na Gníomhaireachta maidir le malairt eachtrach. Ba réamhbhearta malairte eachtraí iad seo go léir a rinne Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcomhar le clár ECP na Gníomhaireachta. Tugtar a thuilleadh mionsonraí maidir le na riosca airgeadra i nóta (c) thíos.

(a) Riosca Creidmheasa

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
<i>Sócmhainní airgeadais</i>		
Iarmhéid dlite maidir le hairleacan le hÚdarás Áitiúla	4,445,639	4,575,251
An Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta	3,298	7,366
Lúide soláthar tiomsaitheach	(1,045)	(1,045)
	4,447,892	4,581,572
Airgead sa bhanc agus ar láimh	17,195	20,705
Suimeanna i dtaisce go gearrthéarmach	-	238,603
Dlite ó na hÚdarás Áitiúla	94,088	90,676
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	8,469	41,882
	4,567,644	4,973,438

Is éard is riosca creidmheasa ann an riosca go dtarlódh caillteanais airgeadais don Gníomhaireacht sa chás go dteipeann ar chustaiméir nó ar fhrithpháirtí le hionstraim airgeadais na dualgaisí faoin gconradh a chomhlíonadh agus is i ndáil le hiasachtaí agus airgead a thugann an Gníomhaireacht ar airleacan dá cuid custaiméirí, údarás áitiúla na hÉireann, is mó a thagann sé i gceist.

Ceadaítear don Gníomhaireacht airgead a thabhairt ar airleacain do na comhlachtaí seo a leanas faoi láthair:

- Údarás áitiúla agus an earnáil deonach tithíochta d'fhoill a úsáid acusan chun críche ar bith a bhfuil údarás leis faoi Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2009. Is féidir leis an nGníomhaireacht faoi láthair iasacht a thabhairt go díreach do Chomhlachtaí

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean
15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais ar lean

Tithíochta Ceadaithe (CTC) ach ní raibh aon iasacht tarraingthe anuas ag CTC ar an 31 Nollaig 2010;

- An Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (faoi mar dhéantar tagairt di san Acht um an nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta 1963) d'fhonn a úsáid chun críche dleathaí ar bith i dtaca le tithíocht a chur ar fáil nó a

fheabhsú nó seirbhísí a bhaineann leis sin nó mar mhalairt ar chistí a fuair an Ghníomhaireacht ar iasacht chun críocha den sórt sin atá fós amuigh; agus

- Údaráis áitiúla maidir le tionscadail caipitil arna n-údarú faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

Iarmhéid dlite ar airleacain

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
<i>Airleacan dlite ó Údaráis Áitiúla</i>		
Iasachtaí Morgáiste maidir le Tithíocht	1,511,521	1,625,208
Fóirdheontas Caipitil agus Cíos	1,195,166	1,144,881
Cistíocht Eatraimh	533,372	652,720
Ceannach Talún	562,528	646,307
Iasachtaí eile Neamh-mhorgáiste maidir le Tithíocht	364,935	323,200
Tograí Uisce, Dramhaíola agus Comhshaoil	278,117	182,929
	4,445,639	4,575,245
Iasachtaí de chuid an Údaráis Foirgníochta Náisiúnta	3,298	7,372
Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe	-	-
Olliomlán na n-iarmhéideanna atá dlite maidir le hairleacan	4,448,937	4,582,617

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean
15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais ar lean

Tá dhá chatagóir iasachtaí le húdaráis áitiúla ag an nGníomhaireacht, eadhon, iad sin a ceadáíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus iasachtaí a ceadáíodh ina dhiaidh sin. Ní hionann an próifíl maidir le riosca creidmheasa i ndáil leis an dá chatagóir.

Tá dliteanas ar an nGníomhaireacht maidir le haon chaillteanas creidmheasa a thagann chun cinn maidir le morgáistí a tugadh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste mar urrús leo. Cé gur frithpháirtithe na húdaráis áitiúla maidir leis na hiasachtaí sin, tá nochtadh i gceist i gcás na Gníomhaireachta don bhunriosca atá ann do na daoine a thóg na hiasachtaí. Bíonn comhthaobhacht ar láimh ag an údarás áitiúil i ndáil le hiasachtaí a tugadh ar airleacan roimh an 27 Bealtaine 1986 i bhfoirm leasanna morgáistí maidir leis an maoín agus ní thagann an Gníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas lagúcháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn ach amháin sa chás nach leor luach na

comhthaobhachta sin chun an fiachas a scaoileadh. Ní dhéantar leasú ar mheastacháin maidir le luach cóir ach amháin sa chás go meastar iasacht faoi leith a bheith dlite thar téarma nó lagaithe. Seo mar leanas sainmhíniúchán maidir le dlite thar téarma agus lagaithe:

iasachtaí lagaithe

Is ionann iasacht lagaithe agus iasacht a gcinneann an Gníomhaireacht ina leith gur dócha nach mbeifear in ann an phríomhshuim agus an t-ús ar fad atá dlite a bhailiú de réir théarmaí an chonradh a ghabhann leis an iasacht.

iasachtaí atá dlite thar téarma

Iasachtaí a bhfuil íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí príomhshuime faoin gconradh i ndáil leo dlite thar a dtéarma. Ní raibh aon iasachtaí de chuid na Gníomhaireachta ná airgead ar airleacan dlite thar a dtéarma ar an 31 Nollaig 2010 (2009: €nialas).

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€'000	€'000
<i>Anailís ar iasachtaí le húdaráis áitiúla</i>		
iasachtaí roimh 1986	20,814	21,662
iasachtaí ón mbliain 1986 i leith	4,428,123	4,560,954
	4,448,937	4,582,616
<i>Soláthar tiomsaitheach</i>		
iasachtaí roimh 1986	1,045	1,045
iasachtaí ón mbliain 1986 i leith	-	-
	1,045	1,045

iasachtaí Athchaibidlíochta

Is ionann iasacht faoi théarmaí athchaibidlíochta agus iasacht a ndearnadh athstruchtúrú ina leith mar gheall ar chúinsí ar chúinsí buiséid agus lamháltas déanta ag an nGníomhaireacht nach mbeadh san áireamh murach sin. Ón uair a dhéantar athstruchtúrú ar iasacht, bíonn sí sa chatagóir seo gan bheann ar fheidhmiú sásúil na hiasachta tar éis a hathstruchtúraithe nó a mhalairt.

Rinneadh athchaibidlíocht leis na húdaráis áitiúla i rith na bliana 2009 maidir le hiasachtaí dar luach iomlán €263.84 milliún a bheadh ag aibeachan sa bhliain 2010 agus sa bhliain 2011. Níor tharla aon athchaibidlíocht breise i mbliana. Tugtar chun aire ina ainneoin sin go ndearnadh suimeanna is ionann le €78.14 milliún de na hiasachtaí a ndearnadh athchaibidlíocht mar gheall orthu roimhe seo a aisíoc in iomláine i rith na bliana. Is ionann an iarmhéid maidir le hiasachtaí

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean
15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais ar lean

athchaibidlíochta i ndáil le ceannach talún atá amuigh faoi láthair agus €185.63 milliún (2009: 263.84 milliún).

Níl aon riosca creidmheasa ag baint le hiasachtaí a tugadh d'údaráis áitiúla ar an 27 Bealtaine 1986 ná tráth ar bith ó shin. Is comhlachtaí arna mbunú faoi reacht na húdaráis áitiúla. Bíonn ceadú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údarás áitiúil. Tá an Bord den tuairim, ina fhianaise sin ar fad, nach dtagann riosca creidmheasa i gceist.

Is ar an mBord Stiúrtha a leagtar an fhreagracht maidir le maoirseacht a dhéanamh i ndáil leis an riosca creidmheasa a mbeadh an Ghníomhaireacht ina bhaol agus tugtar san áireamh leis sin:

- beartais creidmheasa maidir le coinníollacha comhthaobhachta, nósanna tuairiscíochta agus nósanna imeachta maidir le cúrsaí dlí de réir mar a oireann taobh istigh de na coinníollacha faoin reachtaíocht, a chur le chéile i gcomhar le lucht na bainistíochta.
- an córas údaráis agus ceadúcháin maidir le frith-pháirtithe nua (comhlachtaí nach údaráis áitiúla iad) agus rialacha maidir leis an gcomhchruinniú iasachtaí ina leith a leagan síos.
- athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcomhlíontas i gcás beartas agus nósanna imeachta inmheánacha.
- monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoilsítear an Beartas maidir le hiasachtaí.
- aon iasachtaí a thugtar do CTC faoi fhorálacha alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 a cheadú agus cinntiú go mbíonn gach iasacht a thugtar ag teacht le Beartas Creidmheasa na Ghníomhaireachta.
- acmhainneacht creidmheasa gach CTC a mheas agus a ceadú a thabhairt dá réir sin sula gceanglaíonn an Ghníomhaireacht aon Mháistir-chomhaontú iasachta.
- cinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar cruinnithe i gcás iarratas ar chreidmheas.
- an riosca creidmheasa a choinneáil taobh istigh de na teorainneacha atá ceadaithe ag an mBord.

Comhchruinniúchán

Is le húdaráis áitiúla agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta a bhaineann gach iasacht agus airgead ar airleacan (agus bíonn siad uilig faoi cheadú ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a cheadaíonn iad ar fad).

Gné eile den riosca creidmheasa maidir leis an nGníomhaireacht oiread agus atá an Ghníomhaireacht nochtaithe d'institiúidí (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go háirithe), a bhfuil infheistíochtaí gearrthéarmacha aici léi. Déanann an Bord beartas maidir leis an nochtacht i gcás infheistíochta agus frithpháirtithe a aontú go tráthrialta. Ní thagann infheistíocht i gceist faoi láthair ach amháin i gcomhthéacs na bainistíochta ó lá go lá ar chúrsaí leachtachta. Ag deireadh na bliana, bhí nialas infheistithe ag an nGníomhaireacht (2009: €236.6 milliún) i Nótaí Stáitchiste le Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Is é Banc Aontais Éireann an fhrithpháirtí maidir le hairgead tirim faoi láthair a bhí ar seilbh an 31 Nollaig 2010 ag suim de, AIB €17,192k (2009: €20,702k) Ar an 31 Nollaig 2010, ba é CCC an ráta maidir le Banc Aontais Éireann ag Standard and Poor's.

(b) Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeadh deacracht ag an nGníomhaireacht a n-éileofaí uirthi maidir le dliteanais airgeadais a shásamh.

Is le ciste ó áis Nótaí faoi Ráthaíocht na Ghníomhaireachta, agus sin faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann, a thugtar mórchuid iasachtaí na Ghníomhaireachta - ar blianachtaí 30 bliain is mó atá i gceist leo. Bíonn éirim idir aon lá amháin agus trí mhí ag dul le Nótaí faoin áis sin, agus tréimhse 3 mhí leis an gcuid is mó de na Nótaí. I bhfianaise an dearbhúcháin a fuarthas ón Roinn Airgeadais agus ón CBCN maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta a fuarthas ón Roinn Airgeadais agus ón CBCN ar ráta foluaine, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a thiocfadh chun cinn as seo go ceann 12 mí.

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean
15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais ar lean

Leagtar amach sa tábla seo a leanas anailís maidir le haibeachan na ndliteanas airgeadais ar bhonn neamhla-
caine de réir fhuilleach na tréimhse aibeachana faoin gconradh faoi mar a bhí ag deireadh na bliana:

	Luach iompair	Ollsreabhadh ainmniúil isteach (amach)	Níos lú ná aon mhí amháin	litr 3 mhí agus aon bhliain amháin 1-3 Mhí	litr 3 mhí agus aon bhliain amháin 1-5 bhliana	Níos faide ná 5 bhliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
<i>31 Nollaig 2010</i>						
Dlíteanais Neamhdhíorthaigh						
An clár ECP	300,237	(293,013)	(118,489)	(81,755)	(92,769)	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht	3,832,133	(3,832,133)	(3,830,248)	(1,255)	(630)	-
Nóta meántéarmach ar ráta seasta	3,760	(3,927)	(296)	-	(1,296)	(2,335)
Íasacht 20 bliain ar ráta athraitheach	85,612	(97,741)	-	(193)	(6,782)	(27,052)
Íasacht téarma 5 bhliana	-	-	-	-	-	-
Bannaí treoirnaisc	189,021	(32,890)	-	-	(3,865)	(12,580)
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	92,638	(154,611)	-	(8,333)	-	(41,665)
	4,503,401	(4,414,315)	(3,949,033)	(91,536)	(105,342)	(83,632)
Dlíteanais Díorthaigh						
Trádáil: sreabhadh amach	(216,390)	(217,447)	(119,011)	(82,074)	(16,361)	-
Trádáil: sreabhadh isteach	216,390	217,447	119,011	82,074	16,361	-
	-	-	-	-	-	-
<i>31 Nollaig 2009</i>						
Dlíteanais Neamhdhíorthaigh						
An clár ECP	4,083,662	(4,044,596)	(992,639)	(1,746,215)	(1,305,742)	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht	212,238	(212,268)	(206,464)	(5,303)	(501)	-
Nóta meántéarmach ar ráta seasta	4,297	(4,607)	(384)	-	(296)	(3,927)
Áiseanna Nótaí a Eisiúint	-	-	-	-	-	-
Íasacht 20 bliain ar ráta athraitheach	93,259	(108,624)	-	(164)	(7,938)	(29,777)
Íasacht téarma 5 bhliana	250,000	(250,193)	(100,020)	(150,173)	-	-
Bannaí treoirnaisc	191,304	(115)	-	-	(21)	(85)
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	92,277	(162,944)	-	(8,333)	-	(33,332)
	4,927,037	(4,783,347)	(1,299,507)	(1,910,188)	(1,314,498)	(67,121)
Dlíteanais Díorthaigh						
Trádáil: sreabhadh amach	(2,140,026)	(2,150,272)	(405,084)	(508,080)	(1,237,108)	-
Trádáil: sreabhadh isteach	2,140,026	2,150,272	405,084	508,080	1,237,108	-
	-	-	-	-	-	-

Nótaí ar cuid iad de na ráitis airgeadais ar lean
15. Bainistíocht maidir le Rioscaí Airgeadais ar lean

Bainistíocht maidir le riosca leachtachta

Tá de bheartas ag an nGníomhaireacht i ndáil leis an riosca leachtachta cinntiú, trí athbhreithniú go tráthrialta ar an riachtanas maidir le sreabhadh airgid, gur féidir léi a cuid dualgaisí maoiniúcháin a shásamh go ceann tréimhse cuí.

Aontaíonn an Bord leasú síor-rialta ar an bPlean Corparáide cúig bliana ag cruinniú an Aibreáin gach bliain. Tugtar san áireamh lena linn sin ríomh inmheánach na Gníomhaireachta féin i ndáil le meastacháin faoi iasachtaí ar airleacan, iasachtaí a bheidh ag aibeachan i rith na bliana agus roghanna ó thaobh maoiniúcháin.

Cuirtear athbhreithniú rialta maidir le riocht airgeadais na Gníomhaireachta faoi bhráid chomh maith le cuntais bhainistíochta míosúla.

Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar an gclár fiachais reatha, lena n-áirítear tuairisc gach ráithe ar mhaoiniúchán meaitseála, ar shuimeanna a fuarthas ar iasacht agus suimeanna ar airleacan de réir chineál na n-iasachtaí agus an tráth aibeachana, chomh maith le mionchuntas ar chaipiteal, struchtúr rátaí úis, airgeadra, costais iasachta, agus próifíl aibeachana.

Tá de bheartas seanbhunaithe ag an mBord measúnú a dhéanamh go rialta maidir le haibeachan fiachais agus athmhaoiniú agus / nó aisiocaíocht a dhéanamh ina leith.

Déanann an Gníomhaireacht maoiniú ar a cuid oibriúcháin trí mheascán d'eisiúintí bannaí, páipéar tráchtála (neamhcheangailte, agus le háiseanna tacatiomanta), rótharraingtí bainc agus brabús coinnithe. Bhí 8% de na háiseanna iasachta a bhí ar fáil ag an nGníomhaireacht ar 31 Nollaig 2010 i gceist le heisiúintí bannaí agus áiseanna tiomanta arna dtabhairt le chéile. Maidir le háiseanna tiomanta na Gníomhaireachta, eisiúintí bannaí agus an clár ECP €6 billiún (a síníodh ar 22 Deireadh Fómhair 2002, le heisiúintí in airgeadraí éagsúla á ndéanamh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ón 26 Feabhra 2003 i leith), úsáidtear iad chun na hiasachtaí d'údaráis áitiúla faoi fhorálacha Achtanna na dTithe a mhaoiniú. Úsáidtear áiseanna neamhthiomanta eile maidir le cúrsaí idirlinne agus cúrsaí leachtachta den chuid is mó.

Fágann oibriúcháin maoiniúcháin na Gníomhaireachta go mbíonn uirthi fiachas nua a chruinniú agus iasachtaí atá ag aibeachan a athmhaoiniú. Bíonn áiseanna rótharraingte na Gníomhaireachta (€51 milliún ar fáil ar 31 Nollaig 2010) faoi réir ag athbhreithniú bliantúil ag baincfeirí na Gníomhaireachta. Cuireadh le clár páipéar ECP €4.4 billiún na Gníomhaireachta i mí Márta 2010, ardú ó €4.4 billiún go dtí €6.0 billiún. Ba é meánchostas fhiachas na Gníomhaireachta sa bhliain 2010 arna thabhairt de réir na bliana 0.92% i gcomparáid le 1.8% sa bhliain 2009. Chuir an Gníomhaireacht leis an gClár Nótaí faoi Ráthaíocht i rith na bliana freisin, ardú ó €3,750 milliún go dtí €4,500 milliún.

